

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

CLÁR ÁBHAR

Réamhrá ón gCathaoirleach, Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann.
Tús eolais ón gCathaoirleach, Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Bailiúcháin agus Foghlaim

Ealaín agus Tionsclaíocht
Seaniarsmaí na hÉireann
Saol na Tuaithe
Stair an Dúlra
Caomhantas
Clárú
Oideachas
Grianghrafadóireacht
Dearadh

Oibríochtaí

Airgeadas
AD/Gnóthaí Corparáideacha
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
Margaíocht agus Cumarsáid
Forbairt Tráchtála agus Miondíol
Saoráidí (Cóiríocht agus Slándáil)

Ráitis Airgeadais
Foilseacháin ó Fhoireann an Mhúsaem
Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann.
Eolaire Foirne

RÉAMHRÁ ÓN GCATHAOIRLEACH, BORD ARD-MHÚSAEM NA HÉIREANN

Is minic a thomhaistear rath, nó eile, institiúidí cultúrtha de réir líon na gcuairteoirí. In 2021, b'éigean an tomhas garbh sin a chur ar leataobh don dara bliain as a chéile toisc gur ordaíodh i dtreoiríní sláinte poiblí go gcaithfí dúnadh a dhéanamh ar fud na hearnála ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí

Ach, mar a tharla d'Ard-Mhúsaem na hÉireann ó cuireadh tús leis an bpaindéim, leanadh den obair, agus thug an músaem dúshlán dó féin teagmháil a dhéanamh le cuairteoirí, ar shlí a ghabh thar chaidreamh traidisiúnta idir dhaoine. Ina theannta sin, nuair a d'oscail na doirse arís, cuireadh clár saibhir de thaispeántais nua ar fáil mar chomhlánú ar thaispeántais bhuna agus ar chláir ar líne.

Ba dhíol suntas, i mo thuairim féin, go raibh na scoth-thaispeántais nua dírithe ar chomhoibriú. Taispeántas saothair le mic léinn ceardaíochta agus dearadh a bhí in *Inform* ina ndearna na mic léinn athshamlú ar ghnéithe de bhailiúchán an mhúsaem. Cleachtadh a bhí ann chun stair inúsáidte a fhiosrú trí scil agus samhlaíocht chruthaitheoirí na todhchaí, a fuair oiliúint agus spreagadh in Éirinn. Cuireadh an tionscnamh i bhfeidhm trí chomhpháirtíocht le Comhairle Dearadh agus Ceardaíochta na hÉireann agus leis an músaem.

Ba chomhoibriú le GMIT Leitir Fraic an taispeántas *Ár gCathaoir Ghaelach* a lean ar aghaidh in 2022 ag AMÉ – Saol na Tuaithe. Sa chás seo, ghlac mic léinn dearadh troscáin na dara bliana inspioráid ón gcathaoir traidisiúnta trí chosach a bhaineann le Sligeach agus Gaillimh. Rinneadh an tríú comhoibriú le Dánlann Hugh Lane. In *Stiúideo & Stát: Na Lavery's agus an Comhaontú Angla – Éireannach*, taispeánadh portráidí díobh siúd a bhí taobh thiar den idirbheartaíocht as ar síníodh an Conradh Angla-Éireannach i 1921, taobh le déantúsáin agus taifid a bhain leis an gConradh.

Cruthaíonn comhoibriú den sórt sin taispeántais shaibhre agus mhealltacha, ag tairiscint bríonna agus raon dearthaí níos doimhne. Ina theannta sin, léiríonn comhoibrithe gur áiteanna oideachais, ceardaíochta, cruthaitheachta chomh maith le háiteanna machnaimh iad institiúidí cultúrtha. Tá spiorad an chomhoibrithe ag fás agus ag bláthú sa mhúsaem i gcónaí agus is rud é – tá súil agam – a bheidh intomhastha de réir a thionchair.

Mar bhliain shuntasach i nDeich mBliana na gCuimhneachán, ní hé amháin go raibh an Músaem sásta an taispeántas *Studio and State* (Stiúideo agus Stáit) a óstáil, ach ba mhór an onóir é a bheith ina óstach don Taoiseach, Micheál Martin; don Tánaiste, Leo Varadkar; agus don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, T.D a d'úsáid cúlra AMÉ ag Dún Uí Choileáin chun sonraí na ngnéithe eile den chlár céad bliain a fhógairt. Áiríodh leis sin gealltanais maoinithe do Ghailearaithe Stair na hÉireann don 20ú haois atá beartaithe ag an músaem. Tá an músaem buíoch den Rialtas i gcónaí, agus go háirithe den Aire Martin agus dá Roinn as an ngealltanais maoinithe seo, chomh maith leis an tacaíocht leanúnach.

Ag leibhéal an bhoird, lean tréimhse ionduchtaithe do chomhaltaí nua tréimhse ullmhúcháin d'aistriú suntasach, inar chuir go leor comhaltaí deireadh lena dtéarma cúig bliana. Ba

mhaith liom ómós speisialta a thabhairt do na comhaltaí sin a tháinig den bhord in 2021: Is mór an t-éileamh atá ar oibrithe deonacha ar bhord eagraíochta móire casta, agus uaireanta b'éigean do chomhaltaí boird luí isteach ar an obair agus gealltanais bhreise a thabhairt chun cabhrú leis an músaem a stiúradh.

Ba mhór an onóir dom a bheith ceaptha ag an Aire Catherine Martin ar feadh téarma dhá bhliain eile mar chathaoirleach an bhoird. Táim ag tnúth le hoibriú go leanúnach leis an mbord, agus leis an bhfeidhmeannas – faoi scothcheannaireacht Lynn Scarff – leis na tosaíochtaí atá inár straitéis reatha agus sa phleanáil do mhúsaem iar-phaindéime a thabhairt chun críche.



Catherine Heaney
Cathaoirleach

TÚS EOLAIS ÓN GCATHAOIRLEACH, BORD ARD-MHÚSAEM NA HÉIREANN

Dá mba bhliain í 2020 inar léirigh AMÉ a athléimneacht tar éis teacht chun cinn na paidéime domhanda, ba í 2021 an bhliain inar chuireamar síolta an téarnaimh. Osclaíodh naoi dtaispeántas ar fud ár réimsí coimeádaíochta go léir in 2021 agus cé go raibh muid fós ag feidhmiú faoi chumas teoranta thosaigh cuairteoirí ag filleadh ar ár músaeim agus ag plé lenár mbailiúchán arís. Níor mhaolaigh tionchar na paidéime go hiomlán ach thosaíomar ag roghnú na nithe a foghlaimíodh ó na dúshláin a bhí romhainn in 2020 trí ghnéithe de chlár ar líne agus dár siopa ar líne a mhéadú agus smaoineamh ar conas a d'fhéadfadh an modh oibre seo a bheith ina ghné bhuan den rannpháirtíocht i. AMÉ. Mar chuid de Lá na Cruinne i mí Aibreáin 2021, rinne breis agus 27,000 dalta bunscoile as gach cearn d'Éirinn teagmháil le AMÉ ar líne – líon nach mbainfí amach choíche le cuairteanna ar an láthair.

Éacht ollmhór in 2021 ab ea ár n-iarratas ar chreidiúnú MSPI a chur faoi bhráid na Comhairle Oidhreachta do thrí cinn dár láithreáin – Ealaíona Maisiúla agus Stair AMÉ – Dún Uí Choileáin, Saol na Tuaithe AMÉ – Páirc Thurlaigh agus Ionad Acmhainní na mBailiúchán – Sord. Ní raibh fasach ann don obair a rinneadh maidir le beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a nuashonrú chun an t-iarratas seo a chumasú agus bhain an fhoireann ar fad páirt i gcáil éigin.

Chuaigh ár gclár chaipitil chun cinn, agus ar cheann de na gnéithe ba shuntasáí de 2021 bhí féachaint ar bhailiúchán eiseamal ónár Músaeim Stair an Dúlra á n-ardú amach an fhuinneog chun a mbealach a dhéanamh chuig sábháilteacht ár nIonad Acmhainní Bailiúcháin le go bhféadfaí deic tuairteála a shuiteáil chun tús a chur le hoibreacha dín ar an bhfoirgneamh. Cé go gciallaíonn na forbairtí seo nach féidir lenár gcuardairteoirí rochtain a fháil ar an bhfoirgneamh, is fiú go mór an deis aghaidh a thabhairt ar dhrochbhail ainsealach an fhoirgnimh agus eispéireas den chéad scoth a sholáthar do chuardairteoirí amach anseo. Deis atá ann freisin taispeántais nua a fhorbairt ón mbailiúchán Stair an Dúlra ar shuímh mhúsaeim eile. Is sampla é *Ar Thalamh an Domhain – Tús eolais an Gheolaíoch na hÉireann* a d'oscail sa Scoil Eachaíochta ag AMÉ-Ealaíona Maisiúla agus Stair i nDún Uí Choileáin de bhealaí nua chun an bailiúchán a léirmhíniú i spás eile agus cuireadh ar fáil é i gcomhar le comhghleacaithe i Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann.

I gcroílár ár gcuid oibre ar fad tá an bailiúchán agus é a dhéanamh inrochtana do chuardairteoirí agus do thaighdeoirí araon. Tar éis tréimhse ina raibh rochtain teoranta ar thaighde, ba iontach an rud é tús a chur le fáilte a chur roimh thaighdeoirí ar ais ar an láthair agus in 2021 foilsíodh taighde a bhain le go leor réimsí dár mbailiúchán lena n-áirítear dhá fhoilseachán iontacha ar Shaltair an Fheadáin Mhóir a foilsíodh in XXX agus ar Chloig Mheánaoiseacha a foilsíodh in XXX.

Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le dul i ngleic lenár dtaispeántais bhuna trí thacaíocht maoinithe a dheimhniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán do Ghailearaithe Stair na hÉireann san 20^ú hAois ag AMÉ – Na hEalaíona Maisiúla agus Stair. Ba í Scéal an Náisiúin a Aithris, comhdháil dhá lá a cuireadh ar fáil i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, a chuir tús leis an tionscadal.

Cé go raibh na deiseanna rannpháirtíochta ar líne soiléir, ní féidir an tionchar ó bheith sa Mhúsaem, go háirithe dár lucht féachana óg, a mheas faoina luach. Is é croí-fhócas ár gcuid oibre sna músaem i gcónaí díriú ar theagmháil níos fadtéarmaí a chothú lenár bpobail áitiúla. Is sampla suntasach é tionscadal agus taispeántas na dTithe Beaga, ina bhfacthas obair ó dhaoine óga i dTionscadal Óige Bhóthar na gCloch, den chumhacht a ghabhann le hardán a thabhairt do ghuthanna óga chun a scéalta a insint inár spásanna.

Tá i bhfad níos mó ócáidí agus forbairtí rathúla le ceiliúradh agus go leor dúshlán a bhfuilimid tar éis foghlaim uathu leagtha amach sa tuarascáil seo. Tá buíochas ag dul don fhoireann dochreidte in AMÉ atá comhdhéanta den fhoireann agus den Bhord as an obair seo ar fad. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas agus a n-uaimhian gan staonadh chun tionchar ár músaem a mhéadú le go mbeidh siad níos inrochtana, níos cuimsithí agus níos ábhartha gach bliain nua.



Lynn Scarff

Stiúrthóir

EALAÍN AGUS TIONSCLAÍOCHT

Tá an Rannán Ealaíne agus Tionsclaíochta freagrach as thart ar 530,000 déantán a léiríonn stair eacnamaíoch, chultúrtha, shóisialta, thionsclaíoch, pholaitiúil agus mhíleata na hÉireann le ceithre chéad bliain anuas. Tugann foireann an rannáin aire freisin do bhailiúcháin d'ealaíona maisiúcháin Éireannacha, Eorpacha agus Áiseacha.

Foireann

Fuarthas cead d'ardú céime dhá bhliain chun gníomhú ar leibhéal an Choimeádaí Cúnta I. Ba í Brenda Malone a ceapadh sa phost.

Taispeántais

Ar an 24 Bealtaine, sheol an tAire Catherine Martin *InForm*, tionscadal taispeántais comhoibríoch le Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta Éireann a thaispeánann saothar nua spreagtha ag déantáin an Mhúsaeim ó mhic léinn seodra agus ceirmeachta DCCI, a cuireadh siar ó 2020 mar gheall ar Covid 19. Foilsíodh catalóg a ghabh leis an taispeántas. Tógadh an taispeántas anuas i mí Mheán Fómhair chun slí a dhéanamh do *Stiúideo & Stát: Na Laverys agus an Conradh Angla-Éireannach*, a d'oscail an Tánaiste agus Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath ar an 23 Samhain sa spás taispeántais céanna. Léiríonn Studio & State, taispeántas comhchoimeáda le Dánlann Hugh Lane, pictiúir Sir John Lavery de shínitheoirí an Chonartha in aice le déantáin ábhartha comhaimseartha ó bhailiúchán an Mhúsaeim. Thug Dánlann Náisiúnta na hÉireann agus Músaem Uladh pictiúir ar iasacht don taispeántas freisin. Sa chatalóg a ghabhann leis tá aistí le roinnt staraíthe mór le rá i stair na hÉireann. Déanann an taispeántas agus an chatalóg comóradh céad bliain ar shíniú an Chonartha Angla-Éireannaigh i mí na Nollag 1921 agus tá siad mar chuid de rannpháirtíocht leanúnach an Mhúsaeim i nDeich mBliana na gCuimhneachán. Sheol an Taoiseach, an Tánaiste, agus an tAire an tionscadal *Gailearaithe Stair na hÉireann san 20^ú hAois* go hoifigiúil ar an 27 Aibreán leis mar chuid de chlár an Rialtais do Dheich mBliana na gCuimhneachán. Ceapadh croífhóireann tionscadail, mar aon le dearthóirí taispeántais agus bainisteoir tionscadail. Osclófar na gailearaithe in 2024

Bailiúcháin

D'éascaigh an fhoireann Ealaíne agus Tionsclaíochta a bhí ag obair le comhghleacaithe sa Roinn Caomhantais tabhairt isteach an tionscadail soilsithe LED de réir a chéile agus bhí an chuid is mó de na gailearaithe i nDún Uí Choileáin críochnaithe faoi dheireadh na bliana. Chuidigh an rannán leis an iarratas ar MSPI do shuíomh Dhún Uí Choileáin. Mar chuid den iarratas sin cuireadh seiceálacha doiciméadaithe rialta i bhfeidhm ar ghailearaithe agus ar stórais timpeall shuíomh Dhún Uí Choileáin.

Cuireadh na pleananna chun an bailiúchán bratach frámaithe a stóráil go fadtéarmach i gcrích nuair a suiteáladh an troscán stórála riachtanach i mBloc 14 agus nuair a aistríodh na bratacha frámaithe chuige. Críochnaíodh aistriú bailiúchán (ábhair ó bhailiúchán Eileen Gray agus uirlisí ceoil) ó bhaile sealadach sa bhloc thuaidh ar ais go dtí a láithreacha bunaidh sa bhloc thoir i mí na Samhna. Rinneadh é seo chun go bhféadfaí suirbhéanna, a bhí le déanamh ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar an 3ú hurlár den bhloc thuaidh, a chur i gcrích. Le linn an dianghlása go luath in 2021 bhog foireann an rannáin líon mór déantán go sealadach ó roinnt cásanna taispeána i ngailearaithe Airgead na hÉireann chun obair a éascú ar na cás-aláirim a bhí le

déanamh. D'oibrigh coimeádaithe le comhghleacaithe i Stair an Dúlra ar dhéantáin dá dtaispeántas geolaíoch *Ar Thalamh an Domhain – Tús eolais ar Gheolaíocht na hÉireann*.

Iasachtaí

D'éascaigh an rannán roinnt iarratas ar iasachtaí agus tugadh earraí iasachta ar ais i rith 2021. Bhí déantáin ar iasacht ag teacht isteach ó institiúidí/eagraíochtaí eile do na taispeántais *InForm* and *Studio & State* agus cuireadh roinnt déantán adhmaid ar ais chuig an Ord Proinsiasach tar éis an taispeántais, *An Creideamh Proinsiasach: An Ealaín Naofa in Éirinn 1600-1750* a thógáil anuas. Tugadh teileascóp an Chaptaein Robert Halpin agus an mhionnscríbhinn ghaolmhar, a bhí ar taispeánt i *Saighdiúirí agus Taoisigh* ar ais chuig an Ard-Mhúsaem Muirí i nDún Laoghaire. Tugadh éide an Chúnta Richardson ar iasacht do Mhúsaem Poiblí Chorcaí. Ullmhaíodh cnuasach beag déantán ón Iarain le tabhairt ar iasacht don taispeántas, *Meeting in Isfahan. Vision and Exchange in Safavid Iran* i Leabharlann Chester Beatty. Tugadh rudaí a bhí tugtha ar iasacht do Chaisleán Bhaile Átha Cliath agus do Mhúsaem Uladh ar ais. Bhí obair shuntasach déanta ar dhá iarratas ar iasacht, ó Mhúsaem Uladh agus ó Mhúsaem Nua-Ealaíne Vársá, agus rinneadh dul chun cinn maith ar obair chaomhantais sular tharraing na hinstiúidí a bhí leis na déantáin a thógáil ar iasacht an t-iarratas siar. Iasachtaí a fuarthas do *InForm*, tugadh ar ais iad ag deireadh na bliana.

Éadálacha

Ceannaíodh roinnt déantán i rith na bliana do na bailiúcháin Ealaíne & Tionscail. I measc na n-earraí a ceannaíodh tá cóip de Chomhdhearbhú 1993 (Dearbhú Sráid Downing) sínithe ag Albert Reynolds, agus John Major; cnuasach páipéir a bhaineann le Pádraig Mac Piarais; 'The Meeting', painéal gloine dhaite le Harry Clarke (déantán iasachta roimhe seo); agus roinnt earraí a ceannaíodh ag díolachán Chaisleán Bhinn Éadair. I measc na n-earraí a bronnadh bhí dhá pháis gloine le Donna Coogan, múnla céir frámaíthe/imprisean de Shéala Ríoga Sheoirse III ag dul siar go dtí Acht an Aontais, bailiúchán éadaí leis an dearthóir Clodagh, an seaicéad flac a chaith Donie O Sullivan as Ciarraí agus é ina thuairisceoir CNN ag ionsaí Chnoc an Cheapeatóil sna Stáit Aontaithe an 6 Eanáir 2021; corn airgid Chluichí Tailteann 1928/32 a bhuaigh Eleanor Sterling; busta cré-umha Vera Klute de Eileen Gray agus samhail de bhord ócáideach E-1027. I measc na n-earraí a bailíodh do Bhailiúchán Comhaimseartha Éireann bhí nithe gearrshaolta ó dhaoine a bhí amhrasach faoi Covid agus i gcoinne vacsaíní. Ceannaíodh soitheach dubh le Liam Flynn faoi chomhchiste ceannaigh an AMÉ/DCCI do cheardaíocht chomhaimseartha na hÉireann; agus rinneadh 'Spoon Garden' le Annemarie Reinhold, saothair a cruthaíodh mar fhreagra ar phaindéim Covid-19 agus a choimisiúnaigh AMÉ/DCCI le chéile (trí chomórtas in 2020) a thabhairt chun críche agus a sheachadadh.

Cainteanna/léachtaí/agallaimh

Thug baill foirne cainteanna agus léachtaí d'éisteoirí de chineálacha éagsúla, cuid acu i láthair agus cuid eile ar líne trí sheimineáir ghréasáin, léachtaí agus mar sin de. Reáchtáladh *Scéal an Náisiúin a Aithris*, comhdháil idirnáisiúnta dhá lá a eagraíodh i gcomhpháirt le NCAD, ar 29^ú Deireadh Fómhair agus ar 5^ú Samhain. Tugadh agallaimh do na meáin faoi thaispeántais nua agus ábhair eile a bhain leis na bailiúcháin.

SEANIARSMAÍ NA HÉIREANN

Tá Rannán Seaniarsmaí na hÉireann freagrach as na bailiúcháin seandálaíochta, eitneagrafaíochta, clasaiceacha agus Éigipteacha. Tá an Rannán freagrach freisin as feidhmeanna reachtúla éagsúla a riaradh, mar shampla déantáin seandálaíochta a éilítear mar mhaoín an Stáit a fháil agus ceadúnais chun onnmhairiú agus athrú ar dhéantáin seandálaíochta a rialú.

Ceadúnú

Chomhlíon an Rannán dualgais a bhaineann le feidhmeanna reachtúla an AMÉ faoi na hAchtanna um Shéadchomharthaí Náisiúnta. In ainneoin srianta an Choróinvírís, lean foireann an Rannáin orthu ag déanamh gach gné de na feidhmeanna reachtúla seo. Próiseáladh agus tráchtadh ar 1470 iarratas ar cheadúnas éagsúla agus rinneadh cigireachtaí ar láithreáin maidir le roinnt

de na hoibreacha seandálaíochta seo:

Ceadúnas chun tochailt / monatóireacht / braite / tumadh	878
Toilithe agus Treoracha Aireachta	70
Ceadúnas chun déantán seandálaíochta a athrú	291
Ceadúnas chun déantán seandálaíochta a onnmhairiú	231

D'fhreastail foireann an Rannáin ar chruinnithe rialta leis an tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí. Chabhraigh an foireann le cuideachtaí seandálaíochta comhairleacha ar fud na tíre maidir le cúram agus taisceadh na mbailiúcháin tochailte. Rinne foireann an Rannáin uasghrádú cuimsitheach ar stóráil na mbailiúcháin tochailte in Ionad Acmhainne na mBailiúcháin. Thug an foireann faoi shuirbhé mionsonraithe ar ghairis thochailte gan cháipéisí agus d'oibrigh siad ar chreat-tairiscint chun an t-ábhar seo a phróiseáil chun go mbeadh rochtain ag taighdeoirí air.

Obair allamuigh

Rinneadh obair allamuigh maidir le fionnachtana seandálaíochta i 21 contae; An Clár, Corcaigh, Doire, Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Ciarraí, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois,

An Longfort, Lú, Maigh Eo, An Mhí, Muineachán, Muineachán, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann, Port Láirge, An Iar-mhí agus Cill Mhantáin .

Éadálacha

In ainneoin srianta Covid-19, leanadh le fionnachtain agus tuairisciú déantán seandálaíochta agus dá réir sin, rinne foireann an Rannáin obair allamuigh. Tochlaíodh dhá uaigh chiste ón gCré-Umhaois luath i gCill Doire, Co. Chill Chainnigh, ina bhfuarthas soithí ceirmeacha maisithe agus thochail baill foirne ciste leac-líneáilte ag Ceathrú an Gharraí, Co. Shligigh a ghabh siar go dtí idir an cúigiú agus an séú haois AD. Chláraigh an foireann 163 déantán as 20 contae. Ina measc siúd bhí déantáin ar nós litigh, ceirmeachta, miotal agus ábhar orgánach. I measc na n-éadálacha seo ba shuntasáí bhí maide adhmaid ón ré chré-umha dhéanach, taisce de haicairgead ó Ré na Lochlannach, gléas maisithe cré-umha óraithe ón ochtú/naou haois agus mairtís séala mheánaoiseach. Ceannaíodh Claíomh Mór Bhinn Éadair, claíomh iarainn tábhachtach ó dheireadh na Meánaoise, ag ceant.

Gnóthaí Dí

Mar gheall ar chineál fheidhmeanna reachtúla an Mhúsaeim faoin Acht um Shéadchomharthaí Náisiúnta, rinneadh idirchaidreamh rialta leis an tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí (NMS). Bhí teagmháil ag foireann an Rannáin Seaniarsmaí go minic leis an nGarda Síochána maidir le braite miotail neamhcheadúnaithe. Dhéileáil an foireann le daichead tuairisc ar leithligh ar úsáid feistí braite miotail, agus ghlac siad páirt in Oibríocht Pandora 3, imscrúdú de chuid Europol ina ndírítear ar gháinneáil mhídhleathach ar sheaniarsmaí. Bhí dlúthbhaint ag an bhfoireann freisin le comhghleacaithe sa Roinn Turasoíreachta, Cultúir, Ealaíon, na Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, maidir le hathruithe ar cheadúnú onnmhairiúcháin chuig an Ríocht Aontaithe mar thoradh ar an

mBreathimeacht. Bhí teagmháil ag an bhfoireann le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit ar shaincheisteanna éagsúla.

Taispeántais agus Iasachtaí

Is cuid shuntasach d'obair thaispeántais an Rannáin gach bliain iad iasachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Éire

I mí na Nollag, osclaíodh taispeántas mór dar teideal *Colmille: Déantáin bheannaithe de chuid Naomh – 1500 bliain de dheabhóid* i Sráid Chill Dara chun cothrom 1500 bliain ó rugadh Naomh Colm Cille a chomóradh. Lean foireann an Rannáin orthu ag feabhsú na gcoinníollacha maidir le déantáin a chur ar taispeáint agus sa bhailiúchán cúltaca ar cheithre shuíomh. D'oibrigh an Rannán le conraitheoirí chun turas 3T a chruthú ar ghailearaí Éire na Meánaoise.

Músaem Áitiúla

Mar chuid de shainchúram an Rannáin oibriú le músaem áitiúla agus réigiúnacha in Éirinn, rinne an fhoireann idirchaidreamh agus chuathas i gcomhairle le comhghleacaithe músaem ar fud na hÉireann. Rinne baill foirne iniúchadh ar iasachtaí ag Músaem na Míle Meánaoise, Cill Chainnigh, Caisleán an Rí Eoin, Luimneach, Músaem Co. an Dúin Thuaidh, Beannchar, Músaem Contae an Dúin, Dún Pádraig, Músaem an Túir, Doire, agus rinne siad roinnt ábhar ar iasacht go Músaem Cathrach na Gaillimhe a thógáil anuas; rinne an fhoireann obair leasúcháin freisin ar dhéantáin a bhí ar iasacht i Músaem Contae an Chláir.

Idirnáisiúnta

I rith na bliana d'ullmhaigh an fhoireann bailiúcháin le tabhairt ar iasacht go luath in 2022 chuig Músaem na Breataine, chuig taispeántas World of Stonehenge.

Cuairteanna taighde

Tugann an Rannán spreagadh agus tacaíocht ghníomhach do thaighdeoirí chun cartlann agus bailiúcháin na rannán a úsáid agus is cuid mhór den obair rannáin í an obair seo gach bliain. In ainneoin srianta Covid-19, d'éascaigh an fhoireann 174 cuairt ar an gcartlann agus 30 cuairt taighde ar na bailiúcháin chúlchiste. I rith na bliana, mar gheall ar shrianta Covid-19, rinne an fhoireann cuardaigh ar an mbunachar sonraí thar ceann taighdeoirí.

Taighde/Tionscadail

Cuireadh samplaí de dhéantáin orgánacha a fuarthas le déanaí isteach le haghaidh dátú radacarbóin. Chuir an fhoireann le tionscadal AHRC/IRC 'Tionscadal Radacarbóin' agus thacaigh siad le hiarratas ar chiste Taighde Straitéiseach Seandálaíochta Náisiúnta na hÉireann a mbeadh taighde ar bhailiúcháin an Rannáin i gceist leis. Leanadh ar aghaidh leis an obair ar Thionscadal na gCorp Portaigh.

Ionadaíocht

Rinne an fhoireann ionadaíocht don AMÉ ar na comhlachtaí seachtracha seo a leanas: Bord Stiúrthóirí an Discovery Programme; Buanchoiste Acadamh Ríoga na hÉireann don tSeandálaíocht; Comhairle Chumann Ríoga Sheaniarsmaí na hÉireann Grúpa Stiúrtha do Thionscadal Seandálaíochta GIS Bhaile Átha Cliath; Coiste Idirchaidrimh Seandálaíochta Bhord na Móna; Bord Eagarthóireachta, Irisleabhar Seandálaíochta na hÉireann; Grúpa Idirchaidrimh Ainmnithe na Músaem; Grúpa Comhairleach na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta um an tAthrú Aeráide; Rinne an fhoireann teagmháil le seirbhísí Stáit agus leis an nGarda Síochána maidir le saincheisteanna maidir leis an oidhreacht iniompartha a chosaint. Go himhneánach rinne an fhoireann ionadaíochta ar choistí beartais éagsúla lena n-áirítear an Coiste Sláinte & Sábháilteachta.

Rannpháirtíocht Phoiblí

Thug foireann AN RANNÁIN go leor léachtaí poiblí do réimse leathan comhlachtaí áitiúla agus náisiúnta ar ábhair sheandálaíochta agus músaem-eolaíochta laistigh den Mhúsaem agus ar fud na tíre cé gur gearradh siar air seo mar gheall ar shrianta sláinte poiblí. Labhair an fhoireann ar son an Mhúsaeim ar chlár *DriveTime* de chuid RTÉ. Thug baill foirne léachtaí / cur i láthair do chlár fochéime agus iarchéime i UCC, UCD agus OÉ Gaillimh.

SAOL NA TUAITHE

Bainistíonn Rannán Saol na Tuaithe an bailiúchán náisiúnta de rudaí a léiríonn saol traidisiúnta na hÉireann, sa tuiscint go n-athraíonn agus go dtagann traidisiúin chun cinn agus ag iarraidh é sin a léiriú inár mbailiú. Oibríonn an Rannán le pobail chun téamaí do bhailiú comhaimseartha a iniúchadh. Tá an Rannán lonnaithe ag AMÉ - Saol na Tuaithe, Páirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo. Tá formhór na mbailiúchán Saol na Tuaithe i bPáirc Thurlaigh.

Éadálacha

Fuarthas 134 déantán i gcaitheamh na bliana. Bhain siad seo le Covid-19, Siúracha na Trócaire i gConnachta, rogha cártaí teileafóin, déantáin a ceannaíodh le haghaidh *Cumhacht na Cistine: Taithí na mban ar leictriú na tuaithe*, ábhar uachtarlainne, uiscedhath de bhád móna (Dónal Mac Pólin), bileoga talmhaíochta, samhail de húicéar na Gaillimhe, samhail de bhád Ceanadach chun breith ar bhradáin (Jimmy Furey, nach maireann a thóg) chomh maithe le ceadanna taistil.

Taispeántais

Paul Strzelecki. Ba é aidhm an chomórtais seo ceiliúradh a dhéanamh ar shaol agus ar ghnóthachtáil Paul Strzelecki – laoch Polannach den Ghorta Mór atá ligthe i ndearmad. Ba thaispeántas bunaithe ar phainéil é seo, a fuarthas ar iasacht ó Ambasáid na Polainne. Dúnadh an taispeántas seo i Meán Fómhair 2021 agus tá sé ar fáil anois ar líne ag www.museum.ie

Ailtireacht Świdermajer. Ba é an eagraíocht neamhrialtasach a léirigh é, in éineacht le Fondúireacht Bardzo Ladnie, agus cuireadh an taispeántas ar taispeántas mar chuid d'fheachtas ar líne ar a dtugtar *Integration Through Culture*. Grianghraif de bhailtín in Świdermajer a thóg Tomasz Brzostek atá sa taispeántas mar aon le painéil eolais faoin stíl. Leanfaidh sé ar aghaidh go dtí Márta 2022.

Ealaín Mhuintir na Polainne - Creideamh, Dath agus Siombailí. Osclaíodh an taispeántas seo i Nollaig 2020 agus leanfaidh sé ar aghaidh isteach in 2022.

Séamus Mag Uidhir Béaloideasóir Mhaigh Eo. Osclaíodh an tionscadal in Eanáir 2020. Taispeántas bunaithe ar phainéal ina gceiliúrtar an scríbhneoir agus an béaloideasóir Éireannach seo as Dumha Thuama, Co. Mhaigh Eo. Tháinig deireadh leis i nDeireadh Fómhair 2021.

Ag Déanamh Curaí - Michael Conneely a osclaíodh an taispeántas ar líne in Aibreán 2021.

An Chathaoir Ghaelach: Athchualt ar an Traidisiún Ba í Rosa Meehan a léirigh an taispeántas seo a osclaíodh i nDeireadh Fómhair 2021. Comhoibriú le mic léinn as GMIT, Leitir Fraic, a bhí anseo agus le tionscadal ealaíne poiblí Thuama, 'You Are Here' (Tá Tú Anseo) ó 2016.

Tales of the Titanic. Is scéal uilíoch é *Addergoole 14* d'eisimirce, dóchais agus tragóide comhroinnte. Is scéal cuimhneacháin agus comórtha é freisin mar níor mhair ach triúr de na

cheithre phaisinéir déag as an mbaile beag seo i Maigh Eo. Bhí sé seo ar taispeántas go dtí Deireadh Fómhair 2021.

1845: Memento Mori le Paula Stokes. Osclaíodh an tsuiteáil ealaíne seo de 1845 phráta gloine lámhshéidte ag cuimhneamh ar an nGorta Mór in Éirinn, i dTeach Pháirc Thurlaigh i mí na Samhna 2021.

An Gorta Mór – 175. Cuireadh tús le taighde ar an taispeántas seo d'AMÉ - Na hEalaíona Maisiúla & Stair, a osclóidh go luath in 2022.

FOLK 21. Cuireadh tús le pleanáil don taispeántas seo agus críochnaíodh an ghrianghrafadóireacht. 21 Cros Bhríde/21 Prionta Ime//21 Cros Péindlíthe/21 Ártach.

Comhoibriú & For-rochtain

Tionscnaíodh tionscadal Mincéir agus ceadaíodh an t-iarratas ar dheontas i rith na bliana agus forbraíodh an tairseach Náisiúnta Ar Líne d'ábhar Chultúr an Lucht Siúil.

D'oibrigh mic léinn Troscáin as Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo le Rannán Shaol na Tuaithe chun cathaoireacha a chruthú mar chuid den taispeántas Ár gCathaoir Ghaelach – Athchuart ar an Traidisiún.

Leanadh den chomhoibriú le *Fáilte Ireland* maidir le Oíche Shamhna. Éascaíodh go leor tionscadal ealaíne agus ealaíontóirí chun rochtain a fháil ar an mbailiúchán agus ar fhor-rochtain trí thurais agus léachtaí.

Taighde agus Rannpháirtíocht

Leanadh den rannpháirtíocht le saineolaithe tógála bád agus le húdaráis áitiúla mar chuid d'Fhorbairt Ghailearaí na mBád. Rinneadh obair allamuigh i gcontaetha an Chláir, Chorcaí, na Gaillimhe agus Mhaigh Eo. Chomhoibrigh Age & Opportunity le AMÉ ar imeacht ar líne de chuid Bealtaine **Ag Cuimhneamh ar ár mBád in Iarthar na hÉireann**.

Thug Músaem Iascaigh Cuileoige Cuil agus Lámhach Géim na hÉireann cuairt i rith na bliana agus leanadh den rannpháirtíocht le Cumann Curach na hÉireann, Curachaí na Sceirí (tionscadal tógála bád Inis Gé). Bhuail an seandálaí muirí Darina Tully, Eagraíocht Taighde Mara Oileáin na hÉireann, Club Rámhaíochta Chiarraí Theas agus Láir leis an bhfoireann chun forbairt an ghailearaí bád a phlé.

Rinne *Nationwide* agallamh ar Inis Oírr i dtaobh thaispeántas Mikey Conneely. Lean an blag 'Báid Thraidisiúnta na hÉireann ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin' ag tarraingt spéis an phobail agus úsáidtear é mar fhóram chun faisnéis a roinnt le hAMÉ. Chuir an fhoireann le tionscadal na mbailiúchán ar líne agus foilsíodh Straitéis Sealbhaithe Mhúsaem Shaol na Tuaithe in 2021.

Críochnaíodh an scannánú de chiseáin sa Bhailiúchán agus de dhéantáin a bhaineann le Oíche Shamhna do shuíomh Gréasáin an mhúsaem. Comhaontaíodh tionscadal scanta bád móna Loch Dhoire Bharra sa Daingean leis an gcomhlacht scanta.

Taispeántais Ghailearaí an Chlóis

Tá clár taispeántas ar siúil i gcónaí i ngailearaí an Chlóis.

Fieldwork; Meán Fómhair – Samhain 2021.

Sraith de phriontaí grianghrafadóireachta platanam agus lí cartlainne le Betsy Stirrat a thaispeánann áiteanna in iarthar na hÉireann atá suntasach dá bhfoirm, dá stair agus dá n-áilleacht nádúrtha.

***One day – 40 Sunrises*; Samhain 2021 – Aibreán 2022.**

Taispeántas/tionscadal leis an ealaíontóir Ian Wiczorek, ina bhfuil 40 saothar péintéireachta bheaga ola. Lean na híomhánna seo éirí na gréine ar fud an domhain ar lá a roghnaíodh go randamach (15 Iúil 2020) bunaithe ar fhothaí beo ceamara gréasáin a bhfuarthas rochtain orthu tríd an idirlíon. Cruthaíodh é ar dtús mar thionscadal ar líne ó Dhámhachtain Freagra Covid-2020 na Comhairle Ealaíon.

On Sight 2020

Straw Sister le Maria McKinney.

Suiteáilte Nollaig 2020. Saothar dealbhóireachta nuálach agus spreagúil é seo a rinne iniúchadh ar thraidisiún na gCleamairí in Éirinn agus ar phróiseas talmhaíochta an inseamhnaithe saorga (AI) i bpórú eallaigh.

In The Open/Faoin Spéir

Ba chlár é seo a mhaoinigh an Chomhairle Ealaíon agus a forbraíodh mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19. Ba chlár é de ghníomhaíochtaí ealaíon ildisciplíneacha cuimsitheacha a roghnaíodh i spásanna pobail lasmuigh. Bhí an tionscadal seo i gcomhar le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh agus Scud Ealaíon Mhaigh Eo. Fuair clár an tionscadail seo inspioráid ó Bhailiúchán Shaol na Tuaithe, ó áilleacht nádúrtha Pháirc Thurlaigh agus ó Fhéarbhealach Mór an Iarthair. Déanfar torthaí an tionscadail seo a chur ar fáil idir Eanáir agus deireadh mhí Aibreáin 2022.

STAIR AN DÚLRA

Tugann Rannán Stair an Dúlra aire do bhailiúcháin an Mhúsaeim i ndisciplíní na zó-eolaíochta agus na geolaíochta, ina bhfuil thart ar dhá mhilliún eiseamal.

Scinceáil Stair an Dúlra

Bhí Músaem Stair an Dúlra fós dúnta don phobal le linn 2021 agus chuir Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) scafall isteach ar gach leibhéal urláir, agus d'ullmhaigh chun oibreacha a dhéanamh ar dhíon an struchtúir seo ó 1856. Chun freastal ar an obair seo, rinne an fhoireann agus na teagmhálaithe iarracht shuntasach chun taispeántais agus eiseamail a bhí i stóras a thabhairt ar shiúl. Aistríodh thart ar 22,000 eiseamal go sábháilte ón músaem. Cuireadh tús leis an tionscadal scinceála seo in 2020 agus bhí próifíl ard aige ar an raidió, ar an teilifís agus ar na meáin chlóite. Rinne criú teilifíse doiciméadú air i bhfoirm clár uair an chloig atá le dul amach ar RTÉ in 2022.

Ba í an chéad chéim mhór in 2021 ná cloigeann mór an mhíl mhóir eitigh a ardú as an bhfoirgneamh trí oscailt a rinneadh trí fhuinneog ar an gcéad urlár a bhaint. De réir mar a cheadaigh srianta paindéime, chaith an fhoireann agus conraitheoirí éagsúla an chéad leath den bhliain ag pacáil taispeántais ó leibhéal bhalcóin ar ghá dóibh bearta coraintín lotnaidí feithidí a chomhlíonadh, lena stóráil go sábháilte lasmuigh den láthair. Lean an pobal an tionscadal ar na meáin shóisialta ag #DeadZooDiary. Chomh maith leis na taispeántáin mhóra seitheadóireachta, b'éigean cásanna taispeána a dhíchóimeáil agus a bhaint den láthair.

Chomh maith leis na hoibreacha dín, atá maoinithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí, d'oibrigh foireann an mhúsaeim le saineolaithe chun Cás Gnó a fhorbairt chun mionsonraí a thabhairt ar na céimeanna a theastaíonn chun an foirgneamh a chaomhnú go hiomlán agus chun rochtain ardaitheora a sholáthar, mar a cheanglaítear faoin gCód Caiteachais Phoiblí. Críochnaíodh é seo agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán é.

Taispeántais

Cé go raibh príomhfoirgneamh an mhúsaeim fós dúnta don phobal, d'oibrigh an fhoireann i gcomhpháirtíocht le Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (GSI) ar mhórthaispeántas *Ar Thalamh an Domhain – Tús eolais an Gheolaíoch na hÉireann*, a osclaíodh i mí Mheán Fómhair ag Dún Uí Choileáin. Úsáideann an taispeántas bailiúcháin eolaíochta Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, AMÉ agus GSI chun forbairt na geolaíochta ó na 1790idí a rianú. Léiríonn sé an obair leanúnach atá ar bun ag eolaithe talún na hÉireann chun díriú ar acmhainní nádúrtha, gníomhú maidir leis an aeráid, agus geo-ghuaiseacha mar ghás radóin ón mbuncharraig, agus tuilte i dtírdhreacha carstacha.

Bailiúcháin

D'ídigh na mórfhorbairtí seo an chuid is mó d'am na foirne i rith na bliana, ach leanadh le cúram an dá mhilliún eiseamal eolaíochta. Baineadh amach feabhsuithe ar choinníollacha d'ainmhithe a bhí stóráilte in alcól lena n-áirítear spás a dhéanamh le haghaidh éadail mhór ó Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn. Cuimsíonn siad seo roinnt samplaí an-luath de theicnící caomhantais agus eiseamail thábhachtacha

Éadálacha

Atheagraíodh bailiúcháin feithidí agus comhtháthaíodh na seanbhailiúcháin sna caibinéid. Comhtháthaíodh bronntanais shuntasacha de chlocha agus de threalamh geameolaíochta ó Gabriel O'Grady agus Lovell Parker isteach sna bailiúcháin mianraí. Bhí an tábhacht leis an

mbailiúchán eiseamail gheolaíochta a fuarthas ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath freisin.

Taighde agus Rannpháirtíocht

Cé nár thug an pobal cuairt ar an músaem, fuarthas ceisteanna uathu i gcónaí,, lena n-áirítear an chéad eiseamal den chornfhoiche Áiseach a fuarthas in Éirinn. I measc na speiceas a bhí nua in Éirinn bhí foichí, ainilítí, bríosóigh, cuileoga, beacha, leamhain agus mamach amháin. Shroich líon na samplaí i mBanc Fíochán Géiniteach Céiticeach na hÉireann 1,000 ó thionscadal ar cuireadh tús leis in 2007. Thug an fhoireann roinnt cainteanna fíorúla agus d'fhreastail agus d'óstaigh siad cúrsaí oiliúna agus seimineáir ar líne.

Comhoibriú & For-rochtain

Lean an fhoireann ar aghaidh ag fónamh le heagraíochtaí eile lena n-áirítear an Lárionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta, an Plean Uile-Éireann um Pailniú, The Irish Naturalists' Journal, an Royal Entomological Society, agus Cumann Bailiúcháin na nEolaíochtaí Nádúrtha. Chomh maith lena gcuid foilseachán féin d'oibrigh siad chun eagarthóireacht a dhéanamh ar *The Irish Naturalists' Journal* agus é a fhoilsiú. I rith na bliana foilsíodh leabhar suntasach leis an Dr Sherra Murphy '*The first National Museum', Dublin's Natural History Museum in the mid-nineteenth century* bunaithe ar thionscadal PhD a scrúdaigh forbairt an mhúsaeim.

Tá an phríomhfhreagracht ar an Roinn Caomhantais as caighdeáin chúram agus caomhnaithe bailiúcháin a chothabháil do bhailiúcháin fhairsinge AMÉ atá ina seilbh ar iontaobhas don náisiún. Is iad príomhréimsí fócais an Roinn Caomhantais ná riachtanais chúram coisctheach, feabhais agus imscrúdaithe Bhailiúchán AMÉ a chinneadh agus a achtú.

Caomhantas Coisctheach agus uasghrádú na mbailiúchán

Ba é an mórthionscadal ná córas nua monatóireachta comhshaoil a sholáthar a chuimsigh bogearraí nua agus suiteáil timpeall 160 logálaí sonraí breise i nDún Uí Choileáin, Sráid Chill Dara, Músaem Shaol na Tuaithe, Ionad Acmhainne na mBailiúchán, Daingean agus Tor an Bhacaigh. Leanadh le Bainistiú Comhtháite Lotnaidí (IPM) ar fud na suíomhanna go léir trí shuíomhanna gaistí lotnaidí a mhapáil. Tharla inmhíolú leamhain i nDún Uí Choileáin agus i Sráid Chill Dara, ionas gurbh éigean ceithre rith den reoiteoir mór sa Roinn Caomhantais a phacáil agus a lódáil. Rinneadh déantúsáin a bhí ar iasacht le Músaem an Ime, Corcaigh a reo freisin chun lotnaidí a dhíothú agus tógadh isteach agus reodh freisin ábhar ó institiúidí seachtracha ar nós IMMA. Bhí cúnamh leanúnach ar fáil chun clár Scinceála Stair an Dúlra a chríochnú. Feistíodh an seomra RH Íseal i Sráid Chill Dara agus suiteáladh díthaisire. Rinne an fhoireann caomhantais agus coimeádaíochta glanadh gailearaí sa taispeántas Éigipteach, Sráid Chill Dara, agus i dtaispeántas Albert Bender. D'uasghrádaigh conraitheoirí soilsiú i ngach Gailearaí i nDún Uí Choileáin agus i Sráid Chill Dara go LEDanna mar aon le doirse leath-uathoibríocha a shuiteáil. Cuireadh tús le suiteáil cófraí Plean le haghaidh stóráil bratach i mBloc 14. Bhí go leor cruinnithe agus táirgeadh doiciméad beartais dár n-iarratas ó thrí shuíomh ar mheasúnú MSPI. Rinneadh bailiúcháin fhairsinge ó chuideachtaí seandálaíochta tráchtála a athphacáil agus a stóráil in Ionad Acmhainne na mBailiúchán. Athsholáthraíodh na dí-ianaitheoirí uisce go léir sa Roinn Caomhantais.

Caomhantas Leasúcháin

Rinneadh cóireáil ar dhéantáin le haghaidh taispeántais agus iasachtaí, stóráil, foilsíú agus taighde feabhsaithe chomh maith le bearta garchabhrach d'ábhar déantáin úr-thochailte ó Abhainn na Sionainne. Tugadh faoi chóireáil ar dhéantáin do thaispeántais agus d'iasachtaí ar nós *the World of Stonehenge, Cathaoireacha Thuama, Etex/Ar Thalamh an Domhain – Tús eolais ar Gheolaíocht na hÉireann, InForm, Hugh Lane/Treaty* agus iasachtaí le Dublinia. Rinneadh caomhnú ar na bailiúcháin bhunúsacha – maisc saoil Schlagintweit, arm ón Armlann, ceithre ghunna mhóra atá ar taispeánt, roth ó ghunnacharráiste Armada, scrín leabhair Loch Cinnéile agus cloigne géime agus creatlaigh míol mór atá mar chuid de thionscadal scinceála Stair an Dúlra. Rinneadh dul chun cinn in Ionad Acmhainne na mBailiúchán ar chlár reothriomaithe d'adhmaid báite.

Taispeántais agus iasachtaí

Bhí baint ag an bhfoireann Caomhantais le gach gné de na taispeántais *Chathaoireacha Thuama, Cogaí na hÉireann, Etex/Ar Thalamh an Domhain – Tús eolais ar Gheolaíocht na hÉireann, InForm, Hugh Lane/Treaty, Colmcille: Déantáin bheannaithe de chuid Naoimh – 1500 bliain de dheabhóid*, chomh maith le hiasacht do Mhúsaem na Breataine (World of Stonehenge), músaem na Míle Meánaoisí, Cill Chainnigh, Músaem Poiblí Chorcaigh, *Isfahan* Leabharlann Chester Beatty, Caisleán Bhaile Átha Cliath/Oifig na nOibreacha Poiblí agus Dublinia. Cuireadh tús le cruinnithe pleanála ar Ghailearaithe Stair na hÉireann.

Caomhantas Imscrúdaitheach

Bhí scrúdú, imscrúdú agus anailís eolaíoch ar na bailiúcháin mar ghnáthchuid de phróisis chaomhantais in 2021. Ar an drochuair, theip ar an aonad X-ghathaithe agus tugadh cead d'aonad nua ós rud é go soláthraíonn foireann caomhantais AMÉ saoráidí x-ghathaithe d'earnálacha seandálaíochta agus caomhantais na hÉireann. Rinneadh taighde ar roghnú agus ar thairiscintí faoi dheireadh d'aonad nua agus ag an am céanna comhlíonadh gach reachtaíocht ábhartha go léir agus rinneadh idirchaidreamh lenár RPA agus leis an EPA. Tá an meaisín nua (Titan Neo) ag feidhmiú go rathúil anois agus tá an riaráiste déantúsán óna dteastaíonn radagrafaíocht glanta. Cuireadh radagraif de phéinteáil do DNÉ ar fáil freisin. Tugadh faoi anailís XRF chun comhdhéanamh agus fiordheimhnitheacht éadálacha nua agus éadálacha féideartha a chinneadh agus faoi thionscadail leanúnacha taighde agus ar obair ar fhoilseacháin a thiocfaidh amach go luath. Áiríodh leis seo taisce óir LBA Thulaigh Dhónaill, gach sealúchas mháille na lúb atá ag AMÉ, cnuasach Dhroim Mheánach, bunanna sleá Iarannaíse, scrín Fhiacail Pádraig agus déantáin atá le tabhairt ar iasacht do CBL. Ina theannta sin, thug Caomhantas faoi shampláil déantáin ar nós seaftaí sleá, hanlaí tua, soithí agus iarsmaí daonna le haghaidh dátú C14 agus sainaitheint adhmaid.

Obair allamuigh

Bhain sé seo go príomha le hiniúchadh nó aisghabháil ábhar seandálaíochta ó chomhthéacsanna éagsúla go háirithe an iliomad déantúsán meánaoiseach a d'aisghabh tumadóirí ón tSionainn. Bhí an fhoireann caomhantais gníomhach freisin i mbun cigireacht ar mhúsaeim áitiúla agus ar áitribh agus áiseanna seandálaíochta tráchtála.

Taighde, Comhoibriú, Rannpháirtíocht & For-rochtain

Bhí an tOideachas Caomhantais tábhacht i gcónaí agus leanadh de mhodúil de Mháistreachta Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, sa Léann Músaeim a chur ar fáil d'ainneoin srianta leanúnacha. Ghlac an fhoireann caomhantais páirt gníomhach in iliomad cúrsaí oiliúna, comhdhálacha agus seimineáir ar líne (m.sh. 'Nanocellulose agus a úsáidí do chaomhnú páipéir', 'The magic of Black Inks', Gels: Thickeners, aqueous gels and hydrogels', 'After the Book of Kells: Insular Art in Scotland and Ireland 900-1900'). Chabhraigh an Roinn Caomhantais freisin le slipéir agus léine Mhícheál Uí Choileáin a ullmhú do na meáin - do Claire Byrne Live agus an Late Late Show de chuid RTÉ. Eagraíodh taispeántais phriontála 3-T ar dhéantúsáin agus léiríodh iad sa Roinn Caomhantais. Ghlac baill foirne páirt freisin i roinnt coistí AMÉ: Sláinte agus Sábháilteacht, Fóram Foirne, Éagsúlacht agus Comhionannas, Bailiú Comhaimseartha agus go seachtrach i nGrúpa Oibre Caomhnaithe CNCI agus i dTaighde Caomhantais Ollscoil Caerdydd. Chuir an fhoireann comhairle ar fáil freisin agus d'fhreastail siad ar chruinnithe le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le tionscadail ailtireachta agus seandálaíochta (tionscadal caomhnaithe balla Chathair Bhaile Átha Cliath, Cloch Turoe a chur ar taispeáint athuair).

CLÁRÚ

Díríonn Roinn Clárúcháin AMÉ ar chaighdeáin bhainistíochta bailiúcháin a chothabháil chun sláine na faisnéise bailiúcháin a chinntiú trí thús áite a thabhairt do rialú suímh, lóistíocht

bailiúcháin, iasachtaí, tacaíocht taispeántais, bainistíocht stórais, rochtain ar fhaisnéis a sholáthar do thaighdeoirí, turais taobh thiar den láthair, réad agus digitíú cartlainne, bailiúcháin tosaíochta a ullmhú go leibhéal na catalóige agus slacht a chur ar shonraí sna bunachair shonraí éagsúla um bainistiú bailiúchán. Tá an Roinn Clárúcháin freagrach freisin as bainistiú Ionad Acmhainní Bailiúcháin an Mhúsaem, a stiúran Coiste Iasachtaí Ard-Mhúsaem, Grúpa Caighdeán, Grúpaí Téarmaíochta agus Tionscadal Stórála Straitéisí a bhí ar siúl in 2020.

Bhí Judith Finlay, Cláraitheoir, i gceannas ar an Roinn Clárúcháin; chuaigh sí ar sos gairme i mí Dheireadh Fómhair agus ghlac Emer Ní Cheallaigh, iar-Chartlannaí/Bainisteoir Taifead AMÉ, a hionad i gcáil ghníomhach. Tá post mar Bhainisteoir ar Ionad Acmhainní Bailiúcháin AMÉ ag Ms. Ní Cheallaigh freisin. Ceapadh an Dr Kevin Forkan mar Oifigeach Doiciméadúcháin do Bhailiúcháin na hEalaíne Maisiúla agus na Staire, tá sé tar éis bogadh ar leataobh ó shin isteach i bpost nua-chruthaithe mar Riarthóir Córas Bainistíochta Bailiúcháin.

Fardal

Leanadh le Céim 2 de Thionscadal Fardail Bailiúcháin AMÉ i rith 2021 le foireann de sheisear conraitheoirí seachtracha a rinne fardal fisiceach de bhailiúcháin moneolaíochta agus stampshanaís AMÉ. Cinnteoidh seachadadh an tionscadail go ndéanfar gach bailiúchán músaem a chatalógú go leibhéal fardail de réir caighdeán SPECTRUM. I dteannta leis an bhfardal fisiciúil de nithe ó Bhailiúcháin na nEalaíon Maisiúil agus Staire, rinne an fhoireann ionchur sonraí ar bhunchláir ó Bhailiúcháin Shaol na Tuaithe agus Stair an Dúlra in Éirinn, ag cinntiú go bhfuil sonraí bailiúcháin riachtanacha láraithe agus ar fáil do thaighdeoirí. Rinneadh pleanáil freisin d'fhardal fisiciúil bhailiúchán Seaniarsmaí Éireann a thosóidh in 2022.

Scinceáil Stair an Dúlra

Bhí Céim 1 de scinceáil Stair an Dúlra chuig an Ionad Acmhainní Bailiúcháin ar siúl ó Nollaig 2020 - Meitheamh 2021. Ó thaobh na mbailiúchán, ba í an fhoireann Clárúcháin a rinne gach bogadh, iompar, rialú suímh, bainistíocht reoiteora agus coraintín, athchóireáil agus cur ar sheilfeanna. Rinneadh pleanáil freisin do dhearadh agus d'fheistiú spáis in Ionad Acmhainne na mBailiúchán chun freastal ar chéim 2 den scinceáil agus ba é an Roinn Clárúcháin a bhí i gceannas air.

Córas Bainistíochta na mBailiúchán

Leag lucht riaracháin na gCóras Bainistíochta na mBailiúchán, le tacaíocht ón gCláraitheoir, plean oibre amach don roinn nuabhunaithe a chuimsigh forbairt caighdeán sonraí do roinnt teasáras, tionscadail a chur i gcrích chun feabhas a chur ar fheidhmiúlacht Chórais Bainistithe na mBailiúchán chun íomhánna a bhainistiú, tacú le Tionscadal Bailiúcháin ar Líne AMÉ, clár oiliúna a chur ar fáil chun a chinntiú go bhfuil Córas Bainistíochta na mBailiúchán ag táirgeadh sonraí ardchaighdeán agus comhsheasmhach chun bailiúcháin a bhainistiú agus chun tacú le taighde.

Taispeántais agus Iasachtaí

Rinne an Fhoireann Clárúcháin bainistíocht ar iasachtaí isteach is amach, lena n-áirítear iasacht ollmhór do Mhúsaem na Breataine agus maidir le *Kitchen Power*, *Momento Mori* and *Café Art exhibitions*. Thacaigh an Roinn Clárúcháin le taispeántais ar fud AMÉ, lena n-áirítear *Ár gCathaoir Ghaelach*, *Ar Thalamh an Domhain – Tús eolais ar Gheolaíocht na hÉireann* agus

Stiúideo agus Stát. Rinneadh anailís ar iasachtaí stairiúla agus oidhreachta agus cruthaíodh togra chun iasachtaí a chruthú agus a bhainistiú in Adlib chun rialú intleachtúil ar gach iasacht a chinntiú.

Leabharlann

Lean an Leabharlannaí de sheirbhís a chur ar fáil d'úsáideoirí leabharlainne inmheánacha agus seachtracha. Chuir an Leabharlannaí, le cúnamh ón Roinn Caomhantais, tús leis an bpróiseas chun Leabharlann George Eogan a ullmhú le haghaidh próiseála agus rinne sé tionscadal i Leabharlann Rannán Seaniarsmaí na hÉireann (IAD) chun stóráil bhailiúchán leabharlainne an Rannáin i Sráid Chill Dara a athchóireáil agus a fheabhsú.

An Chartlann

Go dtí go bhfuair sí ardú céime i mí Lúnasa 2021, lean an Cartlannaí de sheirbhís taighde a sholáthar do thaighdeoirí inmheánacha agus seachtracha. Chuir sí dréacht-Bheartas Bainistíochta Taifead le chéile agus rinne sí bainistiú ar thionscadail chatalógaithe chun cartlanna na Stiúrtóireachta agus Rannán Stair an Dúlra a phróiseáil, agus tá an dá cheann acu fós ar siúl. Fuarthas ceadú i mí na Samhna 2021 agus fógraíodh an post i mí na Nollag 2021 chun cartlannaí nua a earcú i gcomhréir le stádas AMÉ mar áit Taisce faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

Ionad Taighde na mBailiúchán

Déanann an Cláráitheoir Gníomhach Ionad Acmhainne na mBailiúchán a bhainistiú freisin agus le tacaíocht ón gCeann Saoráidí agus Slándála rinne sé bainistíocht saoráidí ar gach láthair ag Ionad Acmhainne na mBailiúchán. Tá iniúchtaí, monatóireacht agus digitiú déanta aici ar chomhaid iarrtha ar an láthair lena chinntiú go gcosnaítear bailiúcháin chúlta AMÉ le linn ghlasáil COVID-19. Bhí an Cláráitheoir Gníomhach i gceannas freisin ar sholáthar láraithe do sheirbhísí próiseála seandálaíochta agus threoraigh sé an próiseas iarratais ar chreidiúnú eatramhach mar chuid den Chlár um Chaighdeán Músaem na hÉireann in Ionad Acmhainne na mBailiúchán. Tá uasghrádú mór ar stóráil bailiúchán fós ag tacú le tionscadail forbartha caipitiúla i músaeim Stair an Dúlra agus Seaniarsmaí na hÉireann agus áiríodh leis sin síneadh a chur le Stór Taisí Daonna atá ann cheana féin agus pleanáil le haghaidh stór adhmaid nua agus Stóras Bogthaise Íseal san Ionad Acmhainní Bailiúcháin.

Seachadadh Seirbhíse

Bhí baill foirne na Roinne Clárúcháin i gceannas ar Choiste Iasachtaí AMÉ, ar an gCoiste Stórála Straitéisí, ar an nGrúpa Caighdeán agus ar ghrúpaí Teicniúla Chóras Bainistíochta na mBailiúchán agus tháinig siad roinnt príomhphíosaí treorach agus anailíse dlí le húsáid in AMÉ. Tá na beartais agus na caighdeáin seo ríthábhachtach maidir le reáchtáil AMÉ, agus le cinntiú go mbainistítear bailiúcháin AMÉ go dtí an leibhéal is airde, de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta. Chuir an fhoireann clárúcháin cainteanna ar fáil freisin ag raon imeachtaí comhdhála, ollscoile agus institiúidí cultúrtha eile, chuir siad oiliúint agus ceardlanna ar fáil agus d'fhreastail siad ar oiliúint ar raon ábhar, chun forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne a chinntiú.

OIDEACHAS AGUS FOR-ROCHTAIN

Sonraí faoi lucht féachana agus imeachtaí/acmhainní

Baineann na sonraí thíos le hacmhainní ar líne, le himeachtaí ar líne agus ar an láthair arna n-eagrú ag an bhfoireann Oideachais in 2021. Bhraith an tinreamh ag imeachtaí ar an láthair ar threoirlínte sláinte poiblí agus ar an uaslíon a bhí ceadaithe ag gach láithreán. Rinne dúnadh Stair an Dúlra difear do na sonraí.

	Imeachtaí ar Líne	Imeachtaí ar an Láthair	Acmhainní ar Líne
Líon iomlán na n-imeachtaí	147	152	
Líon iomlán na ndaoine ag imeachtaí	51,901	4203	
Líon iomlán na n-acmhainní nua foghlama a chruthaigh an fhoireann Oideachais in 2021.			72

Sonraí a bhaineann le tionscadal Líonra Cartlainne Pobail na hÉireann (iCAN):

17 gcrúinniú líonra agus 65 seisiún oiliúna eagraithe; Táirgeadh agus dáileadh 70, 000 cárta poist mar chuid den *tionscadal Daoine Agus Áit*; 14 fhíseán léirithe don tSeachtain Oidhreachta agus 15 acmhainn dhigiteach cruthaithe; d'fhéach 256, 921 cuairteoir ar 693,300 leathanach ar shuíomhanna cartlainne.

Oideachas Foirmiúil

Bhí scoileanna ag gach leibhéal páirteach i gclár na scoileanna, lena n-áirítear scoileanna DEIS, agus léirigh imeachtaí téamaí ó bhithéagsúlacht agus athrú aeráide go taiscéalaíocht spáis. Ba iontach an sroicheadh, mar shampla, nuair a d'fhreastail 27,000 dalta ó bhreis agus 1000 bunscoil ar an imeacht ar líne ar Lá na Cruinne dar teideal *Cool Fossils & Hot (Climate) Facts!*, a d'eagraigh an tIonad Oideachais agus Athfhionnachtana, Baile Munna. Leanadh ar aghaidh freisin le hobair ar an *Taispeántas Ailtirí i Scoileanna* áit ar oibrigh mic léinn agus múinteoirí idirbhliana ó 70 scoil ar fud na hÉireann le 40 ailtire mar fhreagra ar théamaí Baile, Pobail agus Inbhuanaitheachta. Tá an tionscnamh seo mar chuid den MT idir AMÉ agus Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann. Do mhic léinn tríú leibhéal tugadh roinnt cur i láthair ar líne do ghrúpaí tríú leibhéal ar théamaí a bhain le hoideachas músaeim lena n-áirítear Seimineár Bailiúcháin agus Coimeádaíochta UCD, BA Oideachais i gColáiste Oideachais Marino agus mic léinn an MPhil sa Stair Phoiblí agus Oidhreacht Chultúrtha, TCD.

Acmhainní ar Líne

Chruthaigh an fhoireann Oideachais 72 acmhainn nua ar líne do lucht féachana éagsúla in 2021. Bhí an-tóir go háirithe ar an acmhainn *Gleann Dá Loch – Déantán & Seandálaíocht*, a dearadh do dhaltaí an Teastais Shóisearaigh, agus rinne an acmhainn físe Lochlannach do bhunscoileanna iniúchadh ar mhúsaeim, ar sheandálaíocht agus ar ról na heolaíochta sa tseandálaíocht agus cruthaíodh é i gcomhar le hOifig Eolaíochta Lár na Tíre agus na hOifigí Oidhreachta. i Laois, san Iarmhí, sa Longfort agus in Uíbh Fhailí. Cruthaíodh físeáin agus bileoga gníomhaíochta eile ar Oighearaois Éireann, iontaisí, díothú agus an t-athrú aeráide do bhunscoileanna agus acmhainní do theaghlach agus do dhaoine fásta lena n-áirítear taispeántais ghearra réamhthairfeadta, cainteanna agus ceardlanna.

Clár Poiblí

Forbraíodh clár measctha imeachtaí ar líne agus ar an láthair do raon leathan lucht féachana. Bhí imeachtaí réamhthairfeadta agus sruthaithe beo i gceist le cláir ar líne agus d'fhéach go leor daoine ar ábhar cartlainne. Nuair ab fhéidir, eagraíodh imeachtaí ar an láthair. I measc na mbuaicphointí bhí sraith léachtaí ar líne sa Rannán Seandálaíochta dar teideal *An tAthrú Aeráide & an tSeandálaíocht* a bhaineann le seandálaithe agus ailtirí caomhantais ón tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Ollscoil Lincoln. Ag CL eagraíodh an chéad tionscnamh scéalaíochta riamh *What's the Scéa?* i

gcomhar le Poetry Ireland a chuimsigh siompóisiam ar scéalaíocht i músaeim agus todhchaí na scéalaíochta in Éirinn. Ag DAH mar chuid d'Fhéile *OUTing the Past Festival 2021* chonacthas comhoibriú idir stair LGBTQI+ agus an Músaem le NGI agus Príosún Chill Mhaighneann ar chlár lán imeachtaí a raibh cainteanna beo agus ar líne mar chuid de.

Rannpháirtíocht Phoiblí

Críochnaíodh an próiseas comhairliúcháin phoiblí mar chuid d'fhorbairt na Straitéise Rannpháirtíochta Pobail. Roghnaíodh Anthony Haughey mar Ealaíontóir Cónaithe ag AMÉ go dtí 2023. Tá an chónaitheacht, faoi stiúir na Rannóige Oideachais, á maoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoi Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023. In 2021 ghlac Anthony páirt i sraith ceardlann ar an láthair agus lasmuigh de le raon grúpaí pobail agus scoileanna lena n-áirítear 'A Dress for Akunma', tionscadal a bhain le Comhghrúpa Imirce Domhanda na hÉireann/na Nigéire agus Grúpa Teicstíle na mBan. Ag DAH, ba é críoch an tionscadail *Tithe Beaga* taispeántas ina raibh saothar ó dhaoine óga a bhfuil cónaí orthu i mBóthar na gCloch a léirigh a dtaithe ar mhaireachtáil tríd an bpaindéim. Lean an fhoireann freisin ag DAH ag comhoibriú le DCCCC ar chlár an Chlub Cultúir.

Lean an tionscadal iCAN de thacaíocht a thabhairt do 22 grúpa pobail ar fud an Chláir, na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Chill Mhantáin lena ngníomhaíochtaí cartlannaithe pobail, trí oiliúint, treoir agus cruinnithe líonra. Chomhoibrigh na grúpaí a bhí páirteach sa tionscadal *Daoine agus Áit: Ár bPobail a Cheangal* ar Bhailiúchán de Chártaí Poist Oidhreachta. Go dtí seo, dáileadh breis agus 70,000 cárta poist in aisce ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain. Fuair Grúpa Oidhreachta na Sceachánaí Gradam Sheachtain Oidhreachta Chontae na Gaillimhe dá dtionscadal cártaí poist. Ghlac roinnt Scoileanna Náisiúnta páirt i malartú Cara Pinn Cárta Poist chun aidhmeanna an tionscadail seo 'Ár bPobal a Cheangal' a chur chun cinn. Choimisiúnaigh an Chomhairle Oidhreachta agus AMÉ athbhreithniú ar an gclár iCAN i gcomhpháirt agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe go luath in 2022.

Tionscnaimh Forbraíochta

D'fhorbair an fhoireann oideachais córais chun sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla bunaithe ar an lucht féachana a thairgeadh agus a anailísiú chun an bealach is éifeachtaí chun sonraí a bhailiú agus a anailísiú a rianú agus a mheas. D'fhreagair an fhoireann áirithintí do chúinsí COVID a bhí ag síorathrú, ag oiriúnú córais agus faisnéise de réir mar ba ghá agus ag freagairt ceisteanna agus iarratais ar fhaisnéis ón bpobal. Ag Arch cuireadh tús le hobair ar phainéal treoraithe a chruthú agus ag DAH agus CL chuir treoraithe ó na painéil turais ar an láthair ar fáil agus chuir siad le hábhar scannáin.

GRIANGHRAFADÓIREACHT

Cé go raibh srianadh mór uirthi ag srianta COVID-19, tharla grianghrafadóireacht nua ar an láthair nuair ab fhéidir laistigh de threoirínthe, agus chuimsigh sí grianghrafadóireacht de bhailiúcháin agus de thaispeántais. Agus cianobair i bhfeidhm don Oifigeach Íomháithe Digití, coinníodh go rathúil an bhainistíocht ar Chóras Bainistíochta Sócmhainní Digiteacha AMÉ agus

ar Chartlann na nÍomhanna Grianghrafadóireachta Digiteacha, mar aon le freastal ar an éileamh méadaithe ar ullmhú agus dáileadh íomhanna d'íarratais inmheánacha agus sheachtracha ar fud an domhain.

Grianghrafadóireacht Nua:

Rinneadh grianghrafadóireacht le haghaidh taispeántas, foilseachán agus taighde in 2021. Bhí na Grianghrafadóirí ar Conradh agus an tOifigeach Íomháithe Digiteach freagrach as breis agus 1600 íomhá nua a chruthú in 2021:

- Seaniarsmaí Éireannacha – breis is 400 íomhá lena n-áirítear déantáin Mhéisiliteacha, claíomh fíodóirí, dairteanna síoga, bachall Naomh Berach, taisce Bhaile Dháibhí, luanlaí óir, déantáin a bhaineann le Naomh Colmcille, sclátaí inscríofa, déantáin iasachta.
- Ealaíona Maisiúla & Stair – breis is 500 íomhá lena n-áirítear Bailiúchán an Phiarsaigh, Bailiúchán Charlie Bird, albam Arthur Sutton, Dearbhú Shráid Downing, slipéir a chaith Michael Collins, claimhte, rudaí ar iasacht.
- Saol na Tuaithe – breis is 400 íomhá lena n-áirítear Bailiúchán Rothery, suirbhé Lusca, crosa Bhríde, crosa Péindlíthe, ciseáin, imphriontaí, camáin, déantáin CLG.
- Stair an Dúlra – breis is 50 mianra agus déantán don taispeántas *'Ar Thalamh an Domhain – Tús eolais ar Gheolaíocht na hÉireann'*

Áiríodh ar ghrianghrafadóireacht dánlanna taispeántais *'Colmcille: Déantáin bheannaithe de chuid Naomh – 1500 bliain de dheabhóid'*, *'InForm'*, *'Stiúideo & Stát'*, *'Cogáí na hÉireann'*, *'Ar Thalamh an Domhain'*.

Iarratais ar íomhanna agus dáileadh íomhanna:

Chomhlíon an tOifigeach Íomháú Digiteach 540 iarratas ar íomhanna, agus ullmhaíodh agus dáileadh breis is 5600 íomhá. Bhain 50% de na hiarratais seo (agus 30% den áireamh íomhanna) le Cearta agus Atáirgeadh.

Córas Bainistíochta Sócmhainní Digiteach (DAMS)

Suiteáladh leagan nuashonraithe den Chóras Bainistíochta Sócmhainní Digiteacha.

Bailiúcháin Ar Líne:

Chuir an tOifigeach um Íomháú Digiteach le Bailiúcháin Ar Líne AMÉ, tionscadal digitithe cláir an IAD, grúpa teicniúil Chóras Bainistíochta na mBailiúchán, fochoiste catalógaithe agus digitithe CNCI.

DEARADH

Soláthraíonn an Roinn Dearaidh seirbhís dearaidh ardchaighdeán ar fud na gceithre shuíomh de chuid AMÉ, lena n-áirítear tacaíocht taispeántais, dearadh do phriontáil agus

scáileán, léaráidí seandálaíochta, Maisiú 3D, léarscáileanna, agus pleananna láithreáin seandálaíochta.

In 2021 rinneadh athchóiriú iomlán ar an stiúideo deartha, ag baint leasa as an bhfoireann dearaidh a bhí ag obair ón mbaile. Chuir an Rannóg TFC trealamh nua ar fáil do na spásanna oibre le crua-earraí ríomhaireachta nua, agus athshreangú ar an gcóras cáblaithe

Taispeántais

Rinne an roinn dearadh, grafaic & dearadh poiblíochta agus comharthaíocht ag gach suíomh AMÉ do *Studio & State: The Laverys and the Anglo-Irish Treaty*. Ba chomhoibriú é seo idir AMÉ agus Dánlann Hugh Lane, agus ba é an mórthionscadal dearaidh é a raibh páirt ag an Roinn Dearaidh ann mar chuid de *'Deich mBliana na gCuimhneachán'*.

Cuireadh tacaíocht taispeántais ar fáil do roinnt taispeántas inar baineadh leas as gné dhearaidh grafaigh sheachtraigh. Ina measc bhí: *Colmcille: Déantáin bheannaithe de chuid Naoimh – 1500 bliain de dheabhóid*, *Onsight & Ár gCathaoir Ghaelach*, *Gleann Dá Loch: Turas, Urnaí agus Neart* chomh maith le Pacáiste Acmhainní Físeáin don tSraith Shóisearach.

Foilseacháin

Mar chuid den tsraith Monagraf chuir an Roinn comhairle agus tacaíocht ar fáil maidir le foilseachán *Saltair an Fheadáin Mhóir*. Chuir sé dearadh agus leagan amach ar fáil freisin don fhoilseachán catalóige ar *Studio & State: The Laverys and the Anglo-Irish Treaty*

Priontáil agus dearadh Gréasáin

Táirgeadh roinnt Clár Ceannairí agus grafaic dhigiteach MPU le haghaidh feachtas digiteach ar thaispeántas *Gleann Dá Loch: Turas, Urnaí agus Neart* mar chuid d'acmhainní oideachais na Roinne Oideachais ag Seandálaíocht AMÉ.

Táirgeadh Fógraí Digiteacha do roinnt asraonta lena n-áirítear: Irish Independent, Totally Dublin, Irish Times, History Ireland & Archaeology Ireland.

Dearadh Lámhleabhar Foirne an Mhúsaeim agus tá PDF idirghníomhach iomlán in úsáid anois d'fhoireann uile AMÉ. Táirgeadh é seo i gcomhar leis an Roinn Acmhainní Daonna & Gnóthaí Corparáideacha.

Comharthaíocht

Dhear agus tháirg an Roinn Dearaidh go leor comharthaí inmheánacha agus seachtracha lena n-áirítear faisnéis sábháilteachta, treorach agus phoiblí.

Pleananna Seandálaíochta, léarscáileanna agus líníochtaí suímh

Críochnaíodh Pleananna Seandálaíochta, léarscáileanna agus líníochtaí suímh do Thulaigh Dhónaill, Co. Dhún na nGall (léarscáileanna curtha ar fáil) agus Páirc na bhFianna, Co. Loch Garman (léarscáileanna curtha ar fáil).

Críochnaíodh taighde tosaigh ar shraith léarscáileanna don fhoilseachán eitneagrafaíochta atá le teacht. Déileáladh le roinnt iarratas seachtracha ar phleananna agus líníochtaí cartlainne i rith na bliana. Aisghabhadh bunphleananna suirbhéireachta ó roinnt láithreán seandálaíochta ón gcartlann agus cuireadh ar ais chuig Rannán Seaniarsmaí na hÉireann iad.

Scanadh líon mór íomháitheoirí le haghaidh taifead rannóige agus coinníodh cartlann líníochta agus digiteach na Roinne Dearaidh i rith na bliana.

Cairt Eagrúcháin Foirne AMÉ

Rinneadh nuashonrú ar chairt eagraíochta foirne AMÉ agus coinníodh í i rith na bliana chun tacú le taifid músaem.

Maisiúcháin

Rinneadh pictiúir de shléanna: (sceitsí, réamhlíníochtaí agus léaráidí réidh le priontáil, dúch digiteach) do Rannán Seaniarsmaí na hÉireann. Críochnaíodh líníochtaí breise do thaisce óir Thulaigh Dhónaill. Críochnaíodh léaráidí 3D do thaispeántas *Ár gCathaoir Ghaelach* (sceitsí, sraith de réamhlíníochtaí. Feidhmchláir 3D éagsúla a úsáideadh). Chomh maith leis sin, baineadh úsáid as bogearraí eagarthóireachta físeáin don saothar deiridh ealaíne.

Críochnaíodh inscríbhinn Ogham ar hanla buailteora inneach (sceitsí, réamhlíníochtaí agus léaráidí réidh le priontáil, dúch digiteach) do Rannán Seaniarsmaí na hÉireann.

Soláthar

Cuireadh tús leis an soláthar le haghaidh Seirbhísí Dearaidh agus Priontála seachtracha i mí an Mhárta 2021, agus táthar ag súil go dtabharfar é sin chun críche in 2022.

Oiliúint

Críochnaíodh roinnt comhdhálacha, oiliúna, seimineáir agus cúrsaí forbartha gairmiúla a bhain le forbairt foirne mar a leagtar amach sa CBFF.

AIRGEADAS

Ba é seo a leanas an leithdháileadh a fuarthas in 2021 ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin:

	€
o Pá & pinsin	9,343,000
o Neamhphá	4,527,000
o Caipiteal	1,308,000
Iomlán	<u>€15,178,000</u>

Le linn 2021, bhronn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán suimeanna arbh fhiú €1,779,339 san iomlán iad i ndáil le deontais chun críocha sonracha. Rinneadh caiteachas sócmhainní seasta de €310,254 a chaipitliú.

Lean an tAonad Airgeadais ar aghaidh ag cur cúnamh agus tacaíocht ar fáil do Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird chun a fheidhmeanna iniúchta a chomhlíonadh.

Ráitis Airgeadais 2021

D'ullmhaigh an tAonad na Ráitis Airgeadais do 2021 agus an comhad iniúchta a ghabhann leis go luath in 2022. Rinneadh iniúchadh an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste (ARC&C) ar na Ráitis Airgeadais don bhliain 2021 le linn Aibreán 2022. Ullmhaíodh cuntais AMÉ i leith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2021 de réir cheanglais Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 agus tá siad san áireamh sa tuarascáil seo.. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais 2021 de réir cheanglais tuairiscithe an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Soláthar

Tá an tAonad freagrach as próiseas soláthair gach soláthair náisiúnta agus AE a bhainistiú. Chuige sin, tá Ard-Mhúsaem ag cur le saineolas inmheánach i réimse an tsoláthair agus rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar nósanna imeachta struchtúrtha agus ar bheartais in 2021.

Tá an tAonad ag iarraidh go leanúnach oibríochtaí a shruthlíniú, ag baint leasa as teicneolaíochtaí nua nuair a cheadaíonn srianta buiséid agus ag cur moltaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an tIniúcháir Inmheánach i bhfeidhm, chun sláine an Aonaid agus a fheidhm a chinntiú.

Ar bhonn bliantúil, forbraítear agus cuirtear i bhfeidhm pleananna gnó agus déantar monatóireacht rialta ar ioncam agus ar chostais i rith na bliana.

AD AGUS GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

ACMHAINNÍ DAONNA

Soláthraíonn an tAonad Acmhainní Daonna raon iomlán na seirbhísí AD lena n-áirítear earcaíocht, riarachán pá foirne agus téarmaí agus coinníollacha eile, seirbhísí caidrimh fostaithe agus seirbhísí pinsin. Ina theannta sin tá AD freagrach as beartais AD a fhorbairt, tionscnaimh bainistíochta daoine, agus foghlaim agus forbairt a chruthaíonn creat chun tacú le baill foirne agus bainisteoirí oibriú le chéile chun misean foriomlán agus forbairt straitéiseach leanúnach AMÉ a chomhlíonadh. I rith 2021, lean an tAonad AD ar aghaidh ag cur na bhfeidhmeanna seo i bhfeidhm ar fud AMÉ ag obair go dlúth le Cinn Rannáin AMÉ ar fhreagrachtaí agus tionscnaimh éagsúla AD agus Corparáideacha.

Le cúpla bliain anuas, tháinig athruithe tobanna seismeacha ar na socrúithe oibre do dhaoine de bharr na paidéime. In ainneoin na ndúshlán a bhí ann, chuir baill foirne AMÉ in oiriúint go tapa agus go han-rathúil do thimpeallacht nua oibre ina raibh meascán d'obair chianda agus ar an láthair i gceist. Agus é sin á dhéanamh acu, chuidigh a n-iarrachtaí le leanúnachas a chinntiú i soláthar príomhsheirbhísí chun aire a thabhairt do na bailiúcháin náisiúnta agus iad a choimeád.

Tá ceachtanna luachmhara foghlamtha maidir le conas is féidir obair chianda agus obair ar an láthair a chomhcheangal go praiticiúil. Áiríodh le gníomhaíochtaí AD an gá atá le tacú leis an bhfoireann oiriúnú do bhealaí nua oibre, agus a bheith aireach ar thionchair na paidéime ar shláinte agus folláine na foirne.

Earcaíocht

Bhí earcú agus coinneáil foirne ar ardchaighdeán fós ina thosaíocht sa roinn Acmhainní Daonna, agus tháinig roinnt athruithe suntasacha ar phatrúin athraithe foirne toisc go ndearna baill foirne roghanna stíl mhaireachtála éagsúla, athrú ar dhearcaí i leith taistil srl.

Bhainistigh an tAonad AD 19 gcomórtas earcaíochta i rith na bliana chun poist a líonadh in Oideachas, Airgeadas, Stair an Dúlra, Margaíocht, Forbairt Tráchtála, Saoraidí, Clárú, Caomhantas, Seaniarsmaí agus TFC.

Foghlaim & Forbairt

Tháinig athrú suntasach ar an tírdhreach d'fhoghlaim agus d'fhorbairt na foirne le linn na paidéime, nuair a cuireadh deireadh le foghlaim ar an láthair agus imeachtaí ar scála mór agus inar méadaíodh an fhoghlaim agus an fhorbairt ar líne.

Ag obair go dlúth leis an bhfoireann go léir, chun freastal ar riachtanais foghlama agus forbartha an Mhúsaeim, chuir an t-aonad 18 n-imeacht oiliúna ar fáil. Áiríodh ar na himeachtaí seo Soláthar, Garchabhair, Oiliúint Feasachta GDPR, Oiliúint Feasachta Uathachais, Oiliúint Ainmnithe i gCosaint Leanaí agus Béarla Soiléir don Earnáil Phoiblí. Cuireadh oiliúint ar fáil freisin maidir le cur i bhfeidhm an Bheartais Earcaíochta & Roghnúcháin agus Beartas um Chosaint Leanaí & Daoine Fásta Soghonta. Bhain beirt bhall foirne leas as an Scéim Aisíocaíochta Táillí de réir threoiríní na Roinne Airgeadais.

Sláinte agus Folláine

Bunaíodh grúpa oibre Sláinte agus Folláine AMÉ in 2019 agus is é a chuspóir feasacht a ardú agus an tábhacht a bhaineann le sláinte agus folláine a chur chun cinn don fhoireann ar fad. Le bliain anuas, bhí sé ríthábhachtach leanúint ar aghaidh ag tacú leis an bhfoireann agus

chun cabhrú leis an strus a bhaineann le COVID-19 agus na hathruithe tobanna ar shocruithe oibre a mhaolú. I measc na n-imeachtaí folláine bhí sraith seimineár ar líne sé pháirt ‘Rialú Struis’ a cuireadh ar fáil don fhoireann ar fad i gcomhar le FSS agus Seimineár Gréasáin ar Athléimneacht a thug comhairle chun saol maith, cothrom agus athléimneach a chaitheamh.

Fóram Foirne agus Comhairle an Mhúsaeim

Leanadh le hobair chuiditheach le Comhairle an Mhúsaeim, fóram le haghaidh cúrsaí tionsclaíochta agus caidrimh fostaithe atá le hardú agus le plé faoi stiúir an Chathaoirligh Neamhspleách. Bhí sé chruinniú ag an gComhairle in imeacht bliana.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar chaidrimh i rith na bliana, ag obair trí shaincheistanna le Ceardchumann Fhórsa, mar fhorbairt beartais agus tionscnaimh um chothromaíocht oibre is saoil.

Beartais agus Nósanna Imeachta AD

Tá clár polasaithe agus nósanna imeachta ag an Aonad Acmhainní Daonna chun nuashonrú/forbairt a dhéanamh agus leanadh den obair air seo. In 2021 faomhadh polasaí Socrúcháin Coláiste nua chun foghlaim acadúil speisialaithe a éascú chun mic léinn an choláiste a chur chun cinn. Leanadh de bheartais breise a fhorbairt lena n-áirítear Obair Chianda, Beartas Oibríthe Deonacha chomh maith leis an mbeartas um Chosaint Leanaí agus Daoine Fásta Soghonta a bhí ag céim chun cinn faoi dheireadh na bliana.

Ba bhliain dhúshlánach í 2021 do gach ionad fostaíochta, le bliain iomlán d’iarmhairtí paindéime le brath go hiomlán ar an bhfórsa saothair. Ba theist iontach é do bhainisteoirí agus d’fhoireann AMÉ leanúint ar aghaidh, bealaí a chruthú agus a athchruthú chun seirbhísí a chothú agus tacú lena chéile trí dhúshláin phearsanta agus ghairmiúla.

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

Oibríonn an tAonad Gnóthaí Corparáideacha go dlúth le hOifig an Stiúrthóra, le Fochoiste Iniúcháireachta agus Riosca an Bhoird, Acmhainní Daonna, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán agus páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha eile chun a chinntiú go gcomhlíonann AMÉ go hiomlán gach freagracht agus oibleagáid reachtúil mar chomhlacht earnála poiblí.

Rialachas Corparáideach

Críochnaíodh athbhreithniú ar oibleagáidí rialachais AMÉ agus nuashonraíodh roinnt doiciméad beartais agus nós imeachta ábhartha agus scaipeadh iad ar chomhaltaí nua an Bhoird a ceapadh in 2021.

Eitic in Oifigí Poiblí

Chomhlíon baill foirne i bpoist ainmnithe fostaíochta agus Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001.

Bainistíocht Riosca

Bhí creat nua Bainistíochta Riosca AMÉ á chur i bhfeidhm i gcónaí. Tar éis ráig de COVID-19 i Márta 2020, thug AMÉ isteach Clár Riosca COVID nua a ndearnadh athbhreithniú agus nuashonrú air le linn 2020. Dhéileáil an Clár Riosca seo le rioscaí agus ábhair inní ar leith a

bhí ag AMÉ le linn na tréimhse seo. Agus an fhoireann ag obair go cianda, dúnadh suíomhanna músaem don phobal agus bhog cláir phoiblí an mhúsaem go formáid ar líne mar a raibh go leor dúshlán nua le tabhairt fúthu. Thosaigh AMÉ ag oibriú ar chlár riosca an athuir i dtreo dheireadh 2021. Bhí sé seo indéanta de bhrí gur maolaíodh ar na srianta paindéime a bhí fós i bhfeidhm. Lean an tArd-Fhoireann Riosca dá chruinnithe ráithiúla bainistíocht riosca ó cheann ceann na bliana le cinntiú gur cláraíodh aon rioscaí nua agus gur maolaíodh iad, agus gur cuireadh nuashonruithe rialta ar fáil don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Iniúchadh Inmheánach

Lean an tIniúchadh Inmheánach lena chlár oibre i rith 2021. Is é an fheidhm atá aige ná éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, na bpróiseas rialachais, na gcóras bainistíochta riosca agus feidhmíochta a úsáidtear a thomhas agus a mheas. I rith na bliana tugadh chun críche an t-athbhreithniú éigeantach ar na Córais Rialaithe Inmheánaigh chomh maith le hathbhreithniú ar bhainistiú bailiúcháin. Leanadh le cur i bhfeidhm mholtaí na n-athbhreithnithe seo in 2021 agus isteach in 2022.

GDPR

Mar chuid de chlár oibre an iniúchta inmheánaigh, rinneadh measúnú ar chomhlíonadh GDPR an Mhúsaeim. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartais um Chosaint Sonraí agus cuireadh oiliúint ar chosaint sonraí ar fáil don fhoireann ar fad.

Saoráil Faisnéise

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, freagraíodh 10 n-iarratas SF i rith na bliana.

Ceisteanna Parlaiminte

Fuarthas 19 gCeist Pharlaiminte ar fad ó Thithe an Oireachtais i rith na bliana. Bhain na Ceisteanna go léir le fiosrúcháin i réimsí Oibríochtaí agus Bailiúchán AMÉ.

Tá an Roinn Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide (TFC) freagrach as forbairt agus bainistiú gach córas teileachumarsáide, ciosamhairc agus faisnéise chomh maith le tacú le misean AMÉ agus é a fheabhsú ar fud a chuid feidhmeanna agus suíomhanna geografacha go léir.

Bonneagar

I rith 2021, críochnaíodh nuashonrú mór ar an líonra ar fad sna suíomhanna go léir agus baineadh an trealamh líonra oidhreachta ar fad a bhí fágtha. Tá an bonneagar líonra nua mar bhonn agus mar thaca ag roinnt uasghráduithe móra bonneagair eile.

Ba é an dara mór-uasghrádú suntasach ná córas gutháin VoIP nua a chur i bhfeidhm ar fud na suíomhanna go léir, ag díchoimisiúnú agus ag baint córais PBX a bhfuil a ré caite agus nach bhfuil aon tacaíocht acu. Ciallaíonn an córas gutháin nua-aimseartha, den chéad uair, go ndéantar gach fón a rialú trí thairseach aonair agus go ndéantar na costais go léir a chomhdhlúthú chuig soláthraí seirbhíse amháin. Cumasaíonn an córas nua cianobair toisc go ligeann comhtháthú le Microsoft Teams do bhaill foirne glaonna teileafóin líne thalún a dhéanamh agus a fháil ar a ríomhaire glúine nó ar a bhfóin phóca aon uair a bhíonn siad as an oifig.

Críochnaíodh rolladh amach wifi i Sráid Chill Dara, rud a chuir rochtain ardluais ar fáil don fhoireann agus do chuirteoirí sna háiteanna taispeántais agus stórála ar fad. Tá an chéim deartha do chur i bhfeidhm WiFi i limistéir taispeántais i nDún Uí Choileáin curtha i gcrích.

I measc na dtionscadal eile tá baint leanúnach agus athsholáthar na gcóras oidhreachta agus feabhsuithe suntasacha ar straitéisí cúltaca agus téarnaimh tar éis tubaiste.

Iarratais agus Ar Líne

Mar fhreagra ar dhúshlán leanúnacha Covid-19 rinneadh athmhúnlú ar phríomhleathanach gréasáin an mhúsaeim chun an meascán éagsúil d'imeachtaí ar líne agus pearsanta agus ábhar in AMÉ a léiriú. Lean TFC ar aghaidh ag tacú le sruthú físeáin agus le táirgeadh ábhair ar líne i rith na bliana. Críochnaíodh obair réamhriachtanas freisin chun aistriú feidhmeanna gnó áirithe chuig néalsoláthróirí a chumasú.

I rith 2021, is é an t-aon athrú suntasach foirne amháin ná gur ceapadh Gavin Woodruff mar Cheannaire Foirne ar Úsáideoirí agus Grúpa Ábhar.

Líon na gCuaríteoirí	Bliain – Ean. – Noll.		
	2020	2021	% d'athrú
Sráid Chill Dara	91,347	90,430	-1%
Sráid Mhuirfean	97,839	9,416	-90%
Dún Uí Choileáin	83,447	101,165	21%
Páirc Thurlaigh	36,489	37,465	3%
Iomlán	309,122	238,476	-23%

Ba léir go raibh tionchar ag an dúnadh le linn na paindéime ag tús na bliana ar líon na gcuairteoirí. Lean an Roinn Margáíochta ag cur cuid mhór de chlár an mhúsaeim chun cinn ar líne. Ina theannta sin, bhog acmhainní na Roinne isteach sa phleanáil le haghaidh athoscailte, chomh maith le planáil do lainseálacha nua – a raibh go leor acu curtha ar athló mar gheall ar an dúnadh.

Fáilte Éireann

Lean an Roinn ar aghaidh ag cothú dlúthcheangail le Fáilte Éireann – as ar lean maoiniú chomh maith le hábhar a sholáthar dóibh chun an músaem a chur chun cinn ar a n-ardáin go léir – ar líne agus as líne araon. Chuaigh muid i dteagmháil le clár “*Digital that Delivers*” de chuid Fáilte Éireann, a mhaoinigh taighde ar thairiscint dhigiteach a fhorbairt do chuairteoirí.

Láithreán Gréasáin

Athnuadh leathanach baile an tsuímh Ghréasáin chun suntas níos fearr a thabhairt don tairiscint mhiondíola ar líne agus don ábhar físeáin. Eagraíodh gnéithe laistigh de Google Analytics chun faisnéis níos mó a thabhairt dúinn ar shonraí déimeagrafacha, agus tugadh isteach tuarascálacha míosúla chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus treochtaí a aithint. D’oscail siopa bronntanas an Mhúsaeim ar líne i mí Eanáir agus chuir an Roinn Margáíochta feachtais mhargaíochta éagsúla i bhfeidhm ar fud ár n-ardáin dhigiteacha as ar lean fás suntasach. Lean an Roinn Margáíochta le forbairt Nuachtlitir an Mhúsaeim, rud a d’fhág go raibh fás láidir ar shíntiúis agus ar rannpháirtíocht.

Taighde Lucht Féachana

Rinne Martha Fanning & Associates taighde cuairteoirí ar na hEalaíona Maisiúla & Stair agus Saol na Tuaithe. Chuidigh torthaí an taighde seo lenár bpleananna cumarsáide a threorú.

Taispeántais

Nuair a bhí an músaem oscailte don phobal, reáchtáladh na lainseálacha seo a leanas thar thrí shuíomh:

- 25^ú Márta – *Ag Déanamh Curaí – Michael Conneely.*
- 24^ú Bealtaine (Lainseáil) - *Inform* - Ealaíona Maisiúla & Stair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Dearaidh & Ceardaíochta na hÉireann.
- 3^ú Meán Fómhair (Lainseáil) – *Making and Momentum* – Na hEalaíona Maisiúla & Stair (cuireadh an t-ionad ar fáil don taispeántas trí seachtaine seo arbh é an dearthóir faisin, Richard Malone, a choimeád agus a d’oscail an Prionsa Albert as Monacó).
- 27^ú Meán Fómhair – Lainseáil – *Ar Thalamh an Domhain – Tús eolais ar Gheolaíocht na hÉireann* i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann – Ealaíona Maisiúla & Stair.

- 7^ú Deireadh Fómhair (Lainseáil) – *Ár gCathaoir Ghaelach: Athchuart ar an Traidisiún* – Saol na Tuaithe.
- 3^ú Samhain (Lainseáil) – *Tithe Beaga* i gcomhar le Seirbhís Óige Bhóthar na gCloch – Ealaíona Maisiúla & Stair.
- 13^ú Samhain (Lainseáil) – *'1845: Memento Mori'* le Paula Stokes – Saol na Tuaithe.
- 23^ú Samhain (Lainseáil) – *Stiúideo & Stát: Na Lavery's agus an Comhaontú Angla – Éireannach* i gcomhar le Dánlann Hugh Lane – Ealaíona Maisiúla & Stair.
- Gairm grianghraif – 7^ú Nollaig - *Colmcille: Déantáin bheannaithe de chuid Naoimh – 1500 bliain de dheabhóid* – Seandálaíocht.
- D'fhógair muid freisin maoiniú Ghailearaí Stair na hÉireann san 20^ú hAois.

Cuireadh tacaíocht láidir PR ar fáil do na himeachtaí seo chun a chur in iúl don phobal go raibh AMÉ ar oscailt do chuariteoirí anois. Forbraíodh dhá fheachtas raidió freisin do *Ar Thalamh an Domhain* agus do *Ár gCathaoir Ghaelach* trí chabhair ó Scéim Tacaíochta na nEalaíon RTÉ.

Oíche Chultúir

D'fhan AMÉ - Seandálaíocht, Ealaíona Maisiúla & Stair agus Saol na Tuaithe ar oscailt go dtí 9pm chun Oíche Chultúir a bhí ar siúl ar an 17^ú Meán Fómhair 2021 a chomóradh. Rinneadh é a shruthú beo agus a phostáil ar YouTube. Bhí ábhar na hOíche Cultúir ar líne freisin mar gheall ar an bpaindéim.

Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe

Bhain Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe clúdach maith náisiúnta agus réigiúnach amach sna meáin chlóite agus chraolta amach le linn 2021. AMÉ – Rinneadh margú láidir ar Rannán Shaol na Tuaithe le linn thréimhse an tsamhraidh agus tháinig feabhas éigin ar líon na gcuariteoirí d'luil, Lúnasa agus Meán Fómhair nuair a athceadaíodh taisteal intíre.

Margaíocht Dhigiteach

Sa dara bliain den phaindéim bhí imeachtaí, taispeántais agus cláir fós ar líne. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le cur i láthair agus cur chun cinn na cumarsáide go léir go digiteach, ó athsheoladh an tsuimh Ghréasáin, forbairt ábhar físe, cur i láthair imeachtaí beo go bunú agus infhaighteacht príomh-acmhainní oideachais ar líne.

Choinnigh AMÉ láithreach láidir ar gach ardán digiteach (Facebook, Twitter & Instagram agus YouTube). In 2021 freisin rinneadh forbairt leanúnach ar Nuachtlitir Ard-Mhúsaem na hÉireann agus ar cheann a bhí dírithe ar an earnáil oideachais. D'éirigh go han-mhaith leis an dara ceann maidir le cláir oideachais uile AMÉ a líonadh. I measc na réimsí ina ndearnadh forbairtí leanúnacha sa Mhargaíocht Dhigiteach tá Taispeántas Digiteach (Irish Times, The Connaught Telegraph, NewsGroup.ie, Rollercoaster.ie, Military History Matters, Crafts magazine), SEO via Google Ads / ábhar gréasáin agus díriú ar Facebook Ad.

Leantóirí Meán Sóisialta / Méadú ar Shíntiúsóirí 2021

	Eanáir, 21	Nollaig 21	Fás
Facebook	50,672	56,310	11%

Twitter	44,428	47,900	8%
Instagram	12,709	17,300	36%
YouTube	251	1,445	475%
Nuachtlitir Ghinearálta	2,504	5,767	130%
Nuachtlitir do na Scoileanna	0	1,285	

Seoladh **Sraith Meán Sóisialta** nua ina leagtar béim ar dhéantáin ó bhailiúcháin na gceithre shuíomh ar fad i mí Lúnasa. Is tionscnamh margaíochta an-rathúil é seo.

Bhí beagnach 3.5m ar **Facebook Reach** in 2020 le beagnach 235k idirghníomhaíocht. Bhí beagnach 5.3m ar Facebook Reach in 2021 le beagnach 211k idirghníomhaíocht. Chuir sraith na Meán Sóisialta go mór leis an bhfás. Thar na cúig mhí a bhí ar siúl in 2021 shroich sé 1.25m ó 92 post.

Bhí beagnach 800k i gceist le **Instagram Reach** in 2020 de dhíreach os cionn 45k idirghníomhaíocht. In 2021, shroich Reach suas le 1.5m le os cionn 58k idirghníomhaíocht. Chuir Sraith na Meán Sóisialta beagnach 511k le Reach thar thréimhse 5 mhí le 20,400 idirghníomhaíocht.

B'ionann **Twitter Impressions** in 2020 agus 4.85m agus áiríodh 115k idirghníomhaíocht, nach mór. Mhéadaigh imprisin Twitter go 6.025m agus chuaigh idirghníomhaíochtaí suas go 142k in 2021. Chuir sraith na Meán Sóisialta 530k imprisean agus beagnach 23.5k idirghníomhaíocht leis sa tréimhse Lúnasa go Nollaig.

Déantar **agallaimh raidió** a chuireann obair an mhúsaeim chun cinn agus seoladh taispeántais nua a thaifeadh agus a chur ar fáil ar ár gcainéal YouTube.

FORBAIRT TRÁCHTÁLA AGUS MIONDÍOLA

Bhí pleanáil ár dtéarnaimh ó COVID-19 chun tosaigh ar obair ár ranna do 2021. Lean spásanna imeachtaí AMÉ ar aghaidh ag tabhairt aghaidh ar neamhchinnteacht shuntasach le linn 2021, i bhfianaise dúshlán na timpeallachta fáilteachais agus an líon mór imeachtaí arbh éigean a chur ar ceal mar gheall ar ghlásaíl COVID-19. Sa tréimhse seo, dhíríomar ar ár

mbeartais agus nósanna imeachta go léir a nuashonrú. Rinneamar athchóirithe a raibh géarghá leo ar ár spásanna ionaid, lena n-áirítear athphéinteáil an tSeomra Phalaitínigh agus athsholáthar na bpainéal fuaimiúil balla. Nuair ab fhéidir, chuireamar ár spásanna in oiriúint lena n-úsáid ar bhealaí eile chun tacú le croí-ghníomhaíochtaí AMÉ agus chun feasacht a ardú, lena n-áirítear Making & Momentum a raibh baint aige le Eileen Gray agus ar thug an Prionsa Albert as Monacó cuairt air. Thacaíomar chomh maith le comhdháil idirnáisiúnta coimeádaíochta hibrídeach *Scéal an Náisiúin a Aithris* i gcomhar le NCAD.

Imeachtaí agus Seirbhísí Caifé

Is í fíís na Roinne Forbartha Tráchtála d'imeachtaí ná sraith spásanna cruinnithe agus imeachtaí uathúla stairiúla ar chaighdeán agus ar cháilíocht ghairmiúil, suite i gceart agus a bhfuil luach orthu i margaí Corparáideacha, Oideachais agus Rialtais na hÉireann.

Tá tírdhreach na n-imeachtaí athraithe ó bhí COVID 19 ann agus tá lucht eagraithe imeachtaí ag súil anois le spásanna imeachtaí a thacaíonn le himeachtaí hibrídeacha. Beidh ar AMÉ infheistíocht a dhéanamh inár n-áiseanna corparáideacha chun na hionchais seo a bhaint amach. Ligfidh sé seo dúinn an lucht éisteachta/féachana a uasmhéadú, giniúint ioncain a fheabhsú agus caidrimh oibre straitéiseacha agus inbhuanaithe a thógáil le príomh-lucht féachana agus margaí.

B'éigean roinnt imeachtaí ar scála mór a chur siar i rith na bliana, lena n-áirítear Ceolchoirm Oíche Chinn Bhliana Mother Pride, ach bhí lúcháir orainn an Mother Block Party a óstáil i mí Meán Fómhair.

In 2021, thugamar faoi phróiseas tairisceana chun lónadóirí nua ar conradh a cheapadh don Mhúsaem. Tá athchóiriú fairsing a bhfuil géarghá leis ar an gcaifé á dhéanamh faoi láthair lenár gcomhpháirtithe in Oifig na nOibreacha Poiblí, agus é mar sprioc é a oscailt i bhFómhar 2022. Idir an dá linn, rinneamar maoirseacht ar thairiscint shealadach lónadóireachta lasmuigh.

Forbairt

Chuireamar isteach ar an gcéad chéim den tionscnamh Digiteach a Sheachadann atá maoinithe ag Fáilte Éireann. Bhunaigh Forbairt Tráchtála grúpa oibre idir-rannach chun oibriú i dtreo treoirscéim turais dhigitigh a úsáideann teicneolaíocht chun aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna atá againn ar fud ár láithreáin lena n-áirítear bealach do chuariteoirí, ábhar breise, soláthar teangacha iasachta agus táirge a cheadóidh dúinn úsáid a bhaint as na láithreáin dáileacháin dhigiteacha atá ann cheana féin. Má éiríonn leis, déanfar an turas a rolladh amach ar fud champas AMÉ. D'éirigh le hAMÉ €23,000 a fháil chun measúnú a dhéanamh ar ár mbonneagar digiteach reatha agus ar an gcaoi a dtéann sé i dteagmháil lenár gcuairteoirí. Rinneadh roinnt moltaí sa tuarascáil seo. In 2022 beimid ag iarraidh maoiniú don chéad chéim eile agus táimid ag súil lenár gcéad turas digiteach a sheoladh in 2022.

Cearta, Atáirgeadh agus Grianghrafadóireacht Nua

Rinneadh breis agus 1623 íomhá ó bhreis agus 276 iarratas ón bhfoireann agus ón margadh seachtrach a dháileadh go cianda le linn 2021. Comhordaíodh tuairim is 145 tionscadal nua grianghrafadóireachta do phríomhdhéantáin den Mhúsaem.

Láithreáin Mhiondíola

D'fhan ár suíomhanna dúnta ar feadh an chuid is mó den chéad leath den bhliain, agus athosclaíodh iad ar 17 Bealtaine 2021. Thug an athoscailt don samhradh deis dúinn dul i dteagmháil arís lenár gcuairteoirí. D'fhan an teorainn ar líon na gcuairteoirí in aghaidh an láithreáin i bhfeidhm, mar ab amhlaidh le srianta ar thaisteal intíre agus idirnáisiúnta, agus lean sé seo ag cur isteach ar ioncam. Chun éascú a dhéanamh ar na hoibreacha rotunda ar Shráid Chill Dara, rinneamar an siopa a athlonnú ón rotunda isteach sa spás caifé a bhí ann roimhe seo, a ainmníodh mar bhealach isteach/amach sealadach. Toisc go raibh Stair an Dúlra fós dúnta ar feadh na bliana, ní raibh aon siopa miondíola againn ag an láthair sin. Mhéadaíomar, áfach, na díolacháin ón leibhéal is ísle in 2020 faoi bheagnach 40% chun 28% de dhíolacháin réamhphaindéime a bhaint amach.

Ticéadú

Leanadh ar aghaidh le ticéadú ar líne ar feadh na bliana agus leathnaíodh é chun na 3 shuíomh músaem, a bhí ar oscailt, a chuimsiú. D'oibrigh miondíol go dlúth lenár gcomhghleacaithe in TF chun an leathnú ar chúl a chur i bhfeidhm agus lenár gcomhghleacaithe in Saoráidí chun feidhm na ticéid tosaigh a aistriú chucu ar fud na suíomhanna.

Siopa Ar Líne / Táirgí

Lainseálar siopa ar líne go déanach i mí Eanáir ag tosú le lainseáil bhog agus ag soláthar rochtana ar rogha táirgí a roghnaíodh d'aonghnó. D'oibríomar lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Margaíochta chun féilire meán sóisialta a thabhairt isteach chun an suíomh a chur chun cinn ar fud ár n-ardáin éagsúla, rud a chríochnaigh le feachtas Nollag an-rathúil. D'oibríomar freisin ar raon sonrach táirgí bunaithe ar íomhánna ar leith de chuid an Mhúsaem, ag tosú leis an íomhá mac tíre, a mbeimid ag féachaint lena chur ar fáil in 2022 in am do chomóradh Michael Collins.

Síntiúis

Cuireadh tús le hobair ar fhorbairt beartais uileghabhálach deonachán, a chríochnófar in 2022. Soláthróidh sé seo bonn chun dé-bhoscaí airgid thirim agus síntiús gan tadhall a thabhairt isteach, in éineacht le tairseach síntiús ar líne.

SAORÁIDÍ (CÓIRÍOCHT AGUS SLÁNDÁIL)

Lean éifeachtaí na paindéime Covid-19 de thionchar suntasach a bheith acu ar obair na Roinne Saoráidí le linn 2021. In ainneoin na ndúshlán iomadúil a bhí romhainn, ba bhliain thar a bheith dearfach í 2021 don roinn.

Ar an 10 Bealtaine 2021 d'oscail ár bhfoirne Seirbhíse do Chuartheoirí ár ndoirse agus chuir siad fáilte roimh chuartheoirí ar ais chuig an Músaem tar éis tréimhse dhúnta ceithre mhí. Bhí gá le méid suntasach oibre lena chinntiú go raibh na foirgnimh sábháilte le hathoscailt agus go raibh siad ag cloí leis na prótacail agus nósanna imeachta riachtanacha. I rith na bliana, bhí ról ceannaireachta ag na Foirne Saoráidí maidir lena chinntiú go bhfanann ár gcuairteoirí, ár bhfoireann agus ár mbailiúcháin go léir sábháilte agus slán, agus gur coinníodh ár n-áitreabh i riocht a d'oirfeadh do príomh-institiúid chultúrtha an Náisiúin. I bhfianaise na ndúshlán a bhí ag teacht chun cinn, ba dhíol suntais a tiomanta agus a inoiriúnaithe a bhí siad.

D'oibrigh an Roinn Saoráidí go dlúth lenár gcomhghleacaithe in Oifig na nOibreacha Poiblí ar roinnt príomhthionscadal caipitil. Ina measc seo bhí uasghráduithe suntasacha CTCI agus córais slándála, tógáil taispeántais geolaíochta nua i nDún Uí Choileáin agus athchóiriú leithris poiblí agus áiseanna foirne i Sráid Chill Dara. Cuireadh tús go déanach in 2021 le mórhthionscadal chun díonta a dheisiú laistigh den rotunda stairiúil i Sráid Chill Dara. B'éigean na spásanna fáiltithe agus miondíola a athlonnú go spás sealadach chun go bhféadfaí struchtúr mór scafall a chur suas laistigh den sean-phríomhbhealach isteach. I Músaem Shaol na Tuaithe, cuireadh tús le hoibreacha tógála ar an mbealach isteach poiblí a athchóiriú agus nuair a bheidh sé críochnaithe beidh rochtain agus saoráidí níos fearr ar fáil dár gcuairteoirí. Rinne na rannóga BMS áitiúla laistigh d'OOP na céadta tasc aonair ar láithreáin éagsúla AMÉ in 2021. Is mór ag an Músaem an tacaíocht leanúnach ón OOP atá fíor-riachtanach chun an t-áitreabh a choinneáil ag feidhmiú dár riachtanais.

Ba bhliain ghnóthach í 2021 don roinn maidir le bainistíocht sláinte agus sábháilteachta. Mar a bheifí ag súil leis, bhí acmhainní suntasacha ag teastáil chun an phaindéim a bhainistiú. Cuireadh oiliúint ar Phríomh-Ionadaithe Oibrithe Covid-19, agus eagraíodh cruinnithe coicíse. Cuireadh oiliúint ar líne garchabhrach agus pas sábháilte ar siúl i rith na bliana. Rinne conraitheoir neamhspleách athbhreithniú agus iniúchadh ar bheartais agus nósanna imeachta sábháilteachta an Mhúsaeim, agus cuireadh clár oibreacha i bhfeidhm chun gnéithe de Chórais Bainistíochta Sábháilteachta an Mhúsaeim a fheabhsú.

In 2021 rinneadh roinnt oibreacha soláthair suntasacha freisin, laistigh den Roinn Saoráidí. I mí Aibreáin, bronnadh conradh le haghaidh seirbhísí páirceála gluasteán i nDún Uí Choileáin. I mí an Mheithimh bronnadh conarthaí le haghaidh éidí foirne, comhairleoireacht sláinte agus sábháilteachta, agus seirbhísí glantacháin conartha ar fud na suíomhanna go léir. Ina theannta sin, i mí Mheán Fómhair 2021, bronnadh conradh ar sholáthraí nua chun seirbhísí slándála conartha a sholáthar ar roinnt láithreán den Mhúsaeim. B'éigean iarrachtaí móra slógtha a dhéanamh agus rinneadh é go héifeachtach agus gan aon chur isteach ar sheirbhísí.

In 2021, d'oibrigh na Foirne Saoráidí go dlúth lena gcomhghleacaithe ar fud an Mhúsaeim agus chuir siad a gcuid ama agus saineolais ar fáil do roinnt tionscadal mórsála. I Músaem Stair an Dúlra, thacaigh foireann Saoráidí leis an tionscadal scinceála chun 20,000 mír Bhailiúcháin a bhaint den fhoirgneamh roimh na móroibreacha caipitil atá sceidealta do 2022. Thacaigh foireann Saoráidí freisin le himeachtaí mórsála a thabhairt ar ais chuig an

Músaem in 2021, agus chuidigh siad leis an Mother Block Party i mí Mheán Fómhair a raibh an-tóir air agus ar éirigh go han-mhaith leis.

Tá oiliúint agus forbairt leanúnach na foirne Saoráidí mar thosaíocht ag an Músaem i gcónaí. Ar an drochuair, laghdaíodh deiseanna oiliúna agus forbartha go mór in 2021 de bharr na paidéime. In ainneoin na ndúshlán seo, tugadh ardú céime do roinnt ball foirne laistigh den Roinn in 2021, agus chuaigh Alan Scully, Patrick Fallon agus Derek Flynn ar aghaidh ó bheith ina nOifigigh Seirbhíse do Chuirteoirí go bheith ina Leas-Oifigigh Saoráidí.

Foilseacháin

Andrees, E. (Contributor and Co-editor) 'Introducing Studio & State: The Laverys and the Anglo-Irish Treaty at the National Museum of Ireland', in *Studio & State: The Laverys and the Anglo-Irish Treaty*, National Museum of Ireland/Wordwell, Dublin 2021, pp.1-8

Andrees, E. (Editor) *InForm. Reflecting the National Museum of Ireland's collections through new designs*, (exhibition catalogue), National Museum of Ireland, Dublin 2021.

Gerard T. Barrett, Evelyn Keaveney, Paula J. Reimer, Niamh O'Neill-Munro, Marie-Therese Barrett, Paul Mullarkey, Matthew Seaver, 'Ramped pyrooxidation radiocarbon dating of a preservative contaminated early medieval wooden bowl', *Journal of Cultural Heritage*, Vol. 50, 2021, Pages 150–162.

Casanova, E., Knowles, T., Mulhall, I., Sikora, M., Smyth, J. and Evershed, R. 'Generation of two new radiocarbon standards for compound-specific radiocarbon analyses of fatty acids from bog butter finds'. *Radiocarbon*, 1-13. Doi:10.1017/RDC.2021.15

Fitzpatrick, O. *Lost Ireland*, London: Pavilion Press, 2021.

Fitzpatrick, O. 'From Cavan to Kansas: A Photographic Album of Family Migration from Ireland to North America,' in *Contact Zones: Photography, Migration and Cultural Encounters in the United States*, edited by Sigrid Lien and Justin Carville, Leuven University Press, 2021, 57-79.

Goff, J. 'Eileen Gray and E-1027', *RIAI Annual Review*, 2021

Goff, J. 'Glass talented awarded', *Glass Ireland*, October 2021, p.6

Goff, J. 'Dunleavy Bespoke', *Irish Arts Review*, Autumn – Winter, Vol.38, No. 3, 2021

Goff, J. 'Eileen Gray' review of Caroline Constant, *Oxford Bibliographies in Architecture, Planning and Preservation*, June 2021

Malone, B. 'From Visitor to Participant', *Museum Ireland*, Vol.26, 2019, pp.42 - 45

Monaghan, N.T. 'The two suspended whale skeletons in the National Museum of Ireland', *Irish Naturalists' Journal*, **37**, 142-150.

Monaghan, N.T. 'Breathing life into the Dead Zoo', *Museum Ireland*, **27**, 57-61.

McKeever, Ellen. 'Conservation treatment of a pocket globe', *InForm, Reflecting the National Museum of Ireland's collections through new designs*, [Exhibition Catalogue] pp 32-33.

P. Mullarkey (contributing author) 'Ramped Pyrooxidation Radiocarbon Dating of a Preservative Contaminated Early Medieval Wooden Bowl', *Journal of Cultural Heritage* Volume 50, July–August 2021, pp 150-162.

O'Hanlon, A. and Goodwin, J. 'Monodontomerus obscurus Westwood, 1833, a genus and species of Torymid wasp (Hymenoptera: Chalcidoidea) new to Ireland from Co. Wexford', *Irish Naturalists' Journal*, **38**, 70-72.

O’Hanlon, A. and O’Connor, J.P. ‘The spider-hunting wasps of Ireland (Hymenoptera: Pompilidae). A review of the species, their natural history and recorded distribution’, *Biology & Environment: Proceedings of the Royal Irish Academy*, **121B**, 61-82.

Parkes, M.A. ‘George Victor Du Noyer’s large format paintings: Nineteenth-century lecture slides’, in Clary, R.M., Rosenberg, G.D., and Evans, D.C. (eds) ‘*The evolution of paleontological art*’. Geological Society of America Memoir, **218**, 1–8, [https://doi.org/10.1130/2021.1218\(12\)](https://doi.org/10.1130/2021.1218(12)).

Parkes, M.A., Gatley, S. and Gallagher, V. ‘Old volcanic stories –bringing ancient volcanoes to life in Ireland’s geological heritage sites’, *Geosciences*, **11**, 52. <https://doi.org/10.3390/geosciences11020052>

Power, Hannah. ‘Clutching at Straws – the repair of a straw box’, *InForm, Reflecting the National Museum of Ireland’s collections through new designs*, [Exhibition Catalogue] pp 30 – 31.

Sikora, M and Moore, F. ‘An ogham-inscribed weft-beater from Lemanaghan Bog, Co. Offaly’, *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*, vol. 150, 63–89 (published 2021)

Warren, G., McDermott, C., Seaver, M., Corns, A., Devlin, G. and Shaw, R. ‘Heritage Guide No. 94: Temple-na-Skellig and St Kevin’s Bed, Glendalough’, *Archaeology Ireland*, Wordwell, Bray

Warren, G. and Seaver, M. ‘Artefacts Underfoot, Mountain Log’, Spring 2021, *Mountaineering Ireland*, Dublin., p. 22–23.

Nollaig 2021

- Catherine Heaney (Cathaoirleach)
- John Bowen
- An Dr Linda King
- An Dr Claudia Kinmonth
- Ambrose Loughlin
- Declan Nelson
- An Dr Barra Ó Donnabhain
- Professor Cathal O'Donoghue
- An Dr Andrew Power
- An Dr Susan Rogers
- Helen Shenton
- Prof Geraldine Sheridan
- Paolo Viscardi

(term ended in July 2021)

- Prof Ingrid Hook
- Mary Crotty
- Judith McCarthy
- Denise Moroney
- Professor Mary O Dowd
- Prof Kathleen James-Chakraborty

EOLAIRE FOIRNE

(amhail ar an 31 Nollaig 2021)

OIFIG AN STIÚRTHÓRA

Stiúrthóir

Lynn Scarff

Rúnaí an Bhoird/Cúntóir Feidhmiúcháin an Stiúrthóra

Jade Dillon

AN RANNÁN BAILIÚCHÁN AGUS FOGLAMA

Ceann Bailiúchán agus Foghlama

An Dr Audrey Whitty (Gníomhach)

EALAÍN AGUS TALMHAÍOCHT

Coimeádaí

Alex Ward

Coimeádaí Cúnta Grád I

Brenda Malone

Coimeádaí Cúnta Grád II

An Dr Edith Andrees

An Dr Jennifer Goff

Sandra Heise

Cúntóir Teicniúil

Sarah Nolan

SEANIARSMÁÍ NA hÉIREANN

Coimeádaí

RANNÁN OIBRÍOCHTAÍ

Ceann Oibríochtaí

Aoife Hurley

Oifigeach Cléireachais

Folúntas

Ceann Airgeadais agus Soláthair

Mark Sherry

Oifigeach Airgeadais

Joan McGrath

Oifigeach Feidhmiúcháin

Elke

Oifigeach Cléireachais

Jack Roche

TFC

Ceann na gCóras Faisnéise Digiteacha

Derek Williams

Riarthóir Líonraí agus Córas

Lukasz Komoterski

Riarthóir Inlín agus Láithreán Gréasáin

Neil Hand

Maeve Sikora

Coimeádaí Cúnta Grád I

An Dr Nessa O'Connor

Coimeádaí Cúnta Grád II

Isabella Mulhall

Sharon Weadick

Matthew Seaver

Niamh Curtin

Bernard Gilhooly

Ardchúntóir Teicniúil

Margaret Lannin

Oifigeach Cléireachais

Eamonn McLoughlin

SAOL NA TUAITHE

Coimeádaí

Clodagh Doyle

Coimeádaí Cúnta Grád I

Noel Campbell

Coimeádaí Cúnta Grád II

Rosa Meehan

Oifigeach Cléireachais

Liam Doherty

STAIR AN DÚLRA

Coimeádaí

Nigel Monaghan

Coimeádaí Cúnta Grád I

Folúntas

Coimeádaí Cúnta Grád II

Oifigeach Cléireachais

David McKenna

AD & GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

Ceann AD

Anne Mc Neeley

Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha

Aoife McBride

Oifigeach Gnóthaí Corparáideacha

Jennifer O'Connor

Oifigeach Feidhmiúcháin

Helen McInerney

Oifigeach Cléireachais

Maria Pringle

Jasmine Russo

MARGAÍOCHT

Ceann Margaíochta

Ann Daly

Oifigeach Margaíochta

Maureen Gaule

Feidhmeannach Margaíochta

Frances Toner

Maeve McNicholas

Brian Houlahan

Oifigeach Forbartha Tráchtála

Terri McInerney

Feidhmeannach Forbartha Tráchtála

Clare McNamara

Bainisteoir an Phríomhoifig Mhiondíola

An Dr Amy Geraghty

An Dr Aidan O’Hanlon

Paolo Viscardi

CLÁRÚ

Cláraitheoir

Judith Finlay

Cartlannaí

Emer Ní Cheallaigh

Oifig Doiciméadúcháin

Sylviane Vaucheret

Eimear Ashe

Joanne Hamilton

Kevin Forkin

Cúntóir Doiciméadúcháin

Emma Crosbie

Catherine Moriarty

Oifigeach Feidhmiúcháin

Ann Vaughan

Oifigeach Cléireachais

Frances Devoy

Paul Fowley

GRIANGHRAFADÓIREACHT

Ardghrianghrafadóir

Folúntas

Oifigeach Íomhánna Digiteacha

Richard Weinacht

DEARADH

Shane Sterio

Ardchúntóir Díolacháin

Siobhan Collins

Veronica Skeffington

Cúntóir Díolacháin

Tracey Curran

Angela Hart

Diarmuid Hough

Damian Kelly

Nicola Lavin

Jean O’Boyle

Celestina Sassu

Pauline Stack

SAORÁIDÍ

Bainisteoirí Saoráidí

Gregory Kelly

Ardfheidhmeannach Saoráidí

Paddy Matthews

Oifigeach Saoráidí

Sean Kelly

Rory Loughnane

Seamus O’Donnell

Declan O’Reilly

Brendan Torsney

Olivia Merriman

Nicola Murphy

Freastalaí Seirbhíse

Patrick Moore

Elecerio Abijay

Bainisteoir an Stiúideo Dearaidh

John Murray

Ealaíontóir Grafach

Yvonne Doherty

Michael Heffernan

Darko Vuksic

Glantóir

Martina Connolly

Catherine Finnegan

Louise Hanlon

Airíoch

Michael Byrne

OIDEACHAS AGUS FOR-ROCHTAIN**Ceann Oideachais**

Lorraine Comer

Oifigeach Oideachais agus For-rochtana

Helen Beaumont

Siobhan Pierce

Coimeádaí Cúnta Grád II

Geraldine Breen

Tom Doyle

Patricia Ryan

Cúntóir Oideachais

Brendan Mc Donnell

Aisling Dunne

Sheila Stenson

Emma Murphy

Caragh May O'Mahony

Diarmuid Bolger

Cúntóir Áirithintí

Suzannah Vaughan

Oifigeach Seirbhísí Cuartaíochta

Robert Berrigan

Sean Brady

Peter Byrne

Conor Carlisle

Laura Casey

Ramona Chereji

Ciaran Dowdall

Andrew Gallen

Brion Gilmore

Enda Greenan

Chris Keenan

Hannah Kerrigan

Brendan Lynch

Majella Lynch

Keith MacDonald

Emmet McNamara

John Mulrooney

Thomas Murphy

Simon Ó Donnobháin,

Greg Stevenson

Dominic Swaine

Linda Switzer

CAOMHANTAS**Ceann Caomhantais**

An Dr Karena Morton

Coimeádaí Cúnta Grád I

An Dr Paul Mullarkey

Coimeádaithe Cúnta Grád II

Patrick Boyle

Carol Smith

Nieves Fernandez

Hannah Power

Silvia Da Rocha

Ellen McKeever

Lorna Rowley

Bainisteoir na mBailiúchán ar Líne

Deirdre Power

Luke Sweeney

Lisa McAuley

Joseph Brennan

Eric Breslin

Martin Byrne

Leigh Coughlan

William Doyle

Patrick Fallon

Paul Fennell

Martin Fitzmaurice

Padraig Fleming

Derek Flynn

Eoin Foley

Henry Hackett

Dylan Hoctor

Mandy Johnston

Fergal Leahy

Daragh Magee

Conor Marshall

Mark McDonnell

Alan McKeever

Eamonn Reel

Alan Scully

Lorraine Stewart

Alan Walsh

Liam Walsh

Lillian Walsh

Neil Walsh

Sean Young

Barbara Barclay

Mary Gaughan

Raymond Gearty

Jack Kelly

Oliver Murphy

Bethany Nishimoto

James Reynolds

Noreen Ward

